

CUMANN LÚTHCHLEAS GAEL

LÁMHLEABHAR SMACHTA

DISCIPLINARY HANDBOOK

(8ú hEagrán)

Arna ullmhú ag Tascfhórsa an Leabhair Rialacha, arna nuashonrú ag an gComhairleoir Rialacha agus arna fhoilsiú ag Comhairle Láir an Chumainn, Páirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath 3, Bealtaine 2018. Gach Ceart ar Cosaint.

Clár na nÁbhar

Réamhrá ón gCathaoirleach, an Coiste Comhairleach Rialacha.....	3
Cuid 1	
Ciall agus Éifeacht an Lámhleabhair seo	4
Cén Ról atá agat?.....	4
Cuid II	
Struchtúir na gCoistí a Chur ar Bun.....	5
Cuid III	
Tionscnamh an Bhirt Smachtaithe.....	7
Téarmaolaíocht.....	7
Imscrúduithe	7
An Tuarascáil um Smachtú	8
Fógra.....	9
Freagra	11
Eisceachtaí ar an bPróiseas le haghaidh Rial 7.2(b) Calaoisí Chatagóirí I agus II.....	11
Cuid IV	
An cás go nGlactar le Pionós Molta	11
Cuid V	
An Cás go nGlactar le Pionós Molta.....	12
Soiléiriú ar Thuairisc an Réiteora	12
Rochtain ar Thaifid Oifigiúla	12
An Éisteacht a chur ar Bun.....	12
Seoladh na hÉisteachta agus na Rialacha Fianaise	13
Nósanna Imeachta Cothroma.....	15
Soiléiriú ar Thuairisc an Réiteora i ndiaidh na hÉisteachta	16
Cinneadh ón gCoiste um Éisteachtaí	16
Fógra agus Taifead an Chinnidh	17
Treoir maidir leis an bPionós Malartach ar Fhionraíocht Cluiche Neamh-Infheidhme	18
Cuid VI	
Agóidí.....	19
Cuid VII	
Achomhairc (Ginearálta).....	22
Achomhairc (Aistrithe laistigh de Chontae)	25
Achomhairc (Idir Contaetha).....	26
Ionadaíocht ag Achomhairc/Éisteachtaí ar Aistriú/Ceangail chuig Aonaid	26
Eadráin.....	26
Athéisteacht agus Athphróiseáil Cásanna.....	26
Aguisín 1: Samhail de na hImeachta Smachtaithe go léir.....	27
Aguisín II: Foirm Chaighdeánach atá Beartaithe.....	28
Aguisín III: Seicliostaí	34
Aguisín IV: Foirm Chaighdeánach atá Beartaithe le haghaidh Achomharc	36
Innéacs	39

RÉAMHRÁ

San Ochtú Eagrán seo den Lámhleabhar Smachta cuimsítear athrú ar Riail a d'fhaomh an Chomhdháil agus tugtar treoir ann maidir leis na nósanna imeachta atá le leanúint ag Coistí a bhfuil an freagracht acu as Smacht sa Chumann a riar.

Moltar Treoirlínte dea-chleachtais sa Lámhleabhar Smachta, a bheidh ina chuidiú lena chinntiú go bhfuil Cód Smachta an Chumainn soiléir, inoibrithe, cothrom agus éifeachtach.

Tá sé beartaithe leis an Lámhleabhar bheith ina chuidiú le cur chun feidhme na Rialach agus níl sé á chur, ar dhóigh ar bith, in ionad na Rialacha sa Treoir Oifigiúil.

Le hinfhaighteacht na bhFoirmeacha Caighdeánacha i ndáil leis an bPróiseas Smachta, ba cheart go ndéanfaí laghdú suntasach ar an seans go dtarlódh earráid nó go ndéanfaí Achomhairc.

Tá Foirm Chaighdeánach atá beartaithe le haghaidh Achomharc, atá faofa go hoifigiúil ag an gComhairle Láir, cuimsithe in Aguisín IV. Tá sé beartaithe leis cuidiú le hachomharcóirí maidir le foirmiúlachtaí atá sainithe sa Riail a chomhlíonadh, ach tá a úsáid roghnach.

Tá súil ag baill den Choiste Comhairleach Rialacha go mbainfear úsáid leathan as an Lámhleabhar Smachta, agus go mbeidh na hábhair ann ina gcuidiú luachmhara le hAonaid agus Baill an Chumainn agus na próisis smachta á bhfeidhmiú acu.

Liam Ó Catháin,
Cathaoirleach,
Coiste Chomhairleach na Rialacha,
Bealtaine 2018.

Baill den Choiste Comhairleach Rialacha

Liam Ó Catháin (Cathaoirleach) An Mhí; Tomás Ó Riain, Ard Stiúrthóir, Ceatharlach; Prionnsias Ó Murchú, Corcaigh; Dónal Mac Artáin, An Dún; Micheál Ó Broin, Muineachán; Seán Mac Coisdealbha, Áth Cliath; Mairéad Uí Dhúill, Loch Garman; Pádraigh Ó Téacháin, Uíbh Fhailí; Treasa Ní Raghail, Muineachán (Rúnaí).

Cuid 1

CIALL AGUS ÉIFEACHT AN LÁMHLEABHAIR SEO

Rialáítear na Nósanna Imeachta um Smacht leis an gcuid ina bhfuil Forfheidhmiú na Rialacha, sa Treoir Oifigiúil. Níl siad rialaithe leis an Lámhleabhar seo, a ullmhaíodh le cuidiú a thabhairt na Rialacha lena mbaineann a thuiscint agus iad a chur i bhfeidhm.

Tabharfar tuairim sa Lámhleabhar corruair faoin dóigh inar féidir comhlíonadh na Treorach Oifigiúla a bhaint amach i gcúinsí áirithe, agus d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach chun breathnú ar an tuairim sin. A luaithe is a bheidh tú ag feidhmiú de réir na Rialacha, ba cheart duit go leor solúbthachta a cheadú le bheith éifeachtach agus cóir araon.

CÉN RÓL ATÁ AGAT?

An Coiste Rialaithe Comórtas Tá an t-údarás ginearálta agat chun Cluichí a eagrú, i gcomhthéacs Smachta, tá sé de chúram ort a chinntiú go mbraithfear sárúithe ar an Riail agus go ndéanfar iad siúd atá ciontach as calaoisí cuntasach astu. Próiseálann tú Tuairiscí na Réiteoirí agus gearáin faoi shárúithe ar Riail a eascraíonn as Comórtais agus Cluichí; déanann tú imscrúdú ar líomhaintí sárúithe ar Riail; cúisíonn tú iad siúd a bhíonn ciontach as sárúithe ar Riail; cuireann tú a gcearta in iúl dóibh; cinntíonn tú go bhfuil fianaise ábhartha ar fáil le haghaidh Éisteachtaí um Smachtú ar bith; taifeadann tú gach sárú ar Riail agus na pionóis a ghearrtar. Go hachomharc, is é do dhualgas a chinntiú go seasfar le forálacha na Treorach Oifigiúla maidir le Comórtais agus Cluichí. Déanfaidh do Rúnaí líon de na tascanna nós imeachta a thabharfar duit.

An Coiste Bainistíochta Tá an ról céanna agat i ndáil le Smacht agus atá ag an Coiste Rialaithe Comórtas ach níl i ndáil le cúrsaí a thagann chun cinn ó Chomórtais agus ó Chluichí. Ós rud é go dtagann formhór na gcalaoisí as Cluichí, ní bheidh baint acu le Cúrsaí Smachtaithe chomh minic is a bheidh ag an gCoiste Rialaithe Comórtas.

Páirtí na Cosanta: Cúisíodh tú as Calaois ar na Rialacha. Tá an Cód Smachta ceaptha lena chinntiú (a) má bhíonn tú neamhchiontach as an sárú atá líomhnaithe i do choinne, nach gcúisítear tú as; agus (b) má tá tú ciontach as an sárú, go ngearrfar pionós ort atá réasúnta agus oiriúnach maidir leis an gCalaois sin, faoi mar a ordáítear sa Riail.

An Coiste um Éisteachtaí: Is tusa an Cinnteoir sa chóras. I gcás go gcúisíonn an Coiste Bainistíochta nó an Coiste Rialaithe Comórtas Páirtí na Cosanta agus go mbíonn Páirtí na Cosanta diongbháilte go bhfuil sé neamhchiontach, cinneadh tú ar bhonn na fianaise a bheidh romhat ar cibé an bhfuil Páirtí na Cosanta neamhchiontach nó ciontach as an gcalaois líomhnaithe. Má chinneann tú go bhfuil sé ciontach as, cinneann tú cad é an pionós cuí i gcomhréir leis an Riail sin. Tá tú freagrach as a chinntiú go gcloífear mar is ceart leis na Rialacha agus na Nósanna Imeachta. Go hidéalach, ba cheart go gcuimseofaí ar Choiste um Éisteachtaí iarbhail agus baill reatha a bhfuil taithí acu (gan Baill reatha an Choiste Bainistíochta nó an Choiste Rialaithe Comórtas san áireamh) den Chomhairle nó den Choiste agus d'fhéadfadh sé bheith cuidiúil má bhíonn taithí dhlíthiúil ag duine acu.

Rúnaí an Choiste Éisteachtaí: I gcás go dteastaíonn Éisteacht os comhair Coiste um Éisteachtaí, beidh sé de chúram ort an Éisteacht a chur ar bun agus a chinntiú go bhfuil cúrsaí gcumarsáide idir na páirtithe in ord.

Cuid II

STRUCHTÚIR NA gCOISTÍ A CHUR AR BUN

Pléadh na róil atá acu siúd atá bainteach leis an bPróiseas um Smachtú i gCuid 1 thuas. Tá sé tábhachtach go gcuirfidh gach Coiste Contae, gach Comhairle Chúige agus gach Comhairle Láir a gCoistí ar bun i gceart ionas go mbeifear ábalta an córas a oibriú i gceart.

An Leibhéal Contae

Is éard is Coiste Bainistíochta ann Fochoiste reachtúil de Choiste Contae agus tá feidhmeanna sonracha aige i ndáil le Cúrsaí Smachtaithe nach dtagann as Comórtais nó Cluichí.

Ní mór do Choistí Contae Coiste Rialaithe Comórtas a bheith acu. Ní mór don Choiste Contae é sin a cheapadh. Baineann a phríomhról le Cláir Cluichí ach tá líon feidhmeanna sonracha aige a bhaineann le Smacht a eascraíonn as Comórtais agus Cluichí.

Beidh ar na Fochoistí Rannáin agus Fochoistí eile a bunaíodh faoi Riall 3.19 (l) Coiste Rialaithe Comórtas ina mbeidh cúigear ball ar a laghad a bheith acu.

Ní mór do gach Coiste Contae Coiste um Éisteachtaí a bheith acu, a cheapfaidh an Choiste Contae. Ní foláir nó go mbeidh cúigear ball ar a laghad air sin. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach gcaithfidh baill uile Choiste Contae um Éisteachtaí bheith ina mbaill reatha den Choiste Contae é féin. Mar gheall air sin, is féidir leis an gCoiste Contae leas a bhaint as saineolas iar-Chathaoirleach, iar-Rúnaithe, nó daoine ar bith eile a bhfuil an taithí ábhartha acu. Níl baill reatha den Choiste Bainistíochta agus den Choiste Rialaithe Comórtas incháilithe.

Féadfaidh an Coiste Contae um Éisteachtaí déileáil leis na Cúrsaí Smachtaithe ar fad a bheidh faoi agóid laistigh den Chontae. Mar mhalairt air sin, is faoin Chontae atá sé Fodhlí a bheith acu ina bhfuil foráil go mbeidh a gCoistí Éisteachtaí féin nó Coistí Éisteachtaí comhroinnte (le Fochoistí eile) ag a Choiste Rannáin agus Fochoistí eile. I gContae mór, éascaíonn sé sin leathadh geografach agus cuireann sé teorainn ar ualach oibre an Choiste Contae um Éisteachtaí.

Déantar ballraíocht an Choiste Rialaithe Comórtas agus an Choiste Éisteachtaí trí cheapachán agus ní trí thoghchán. Dá réir sin, is féidir leis an gcomhlacht a cheapann baill na gcoistí sin an bhallraíocht a athrú.

An Leibhéal Cúige

Is éard is Coiste Bainistíochta ann Fochoiste reachtúil de Choiste Cúige. Tá feidhmeanna sonracha ag an gCoiste Bainistíochta i ndáil le Cúrsaí Smachtaithe nach dtagann as Comórtais nó Cluichí.

Ní mór do Choistí Cúige Coiste Rialaithe Comórtas a bheith acu. Ní mór don Choiste Cúige é sin a cheapadh. Baineann a phríomhról le Cláir Cluichí ach tá líon feidhmeanna sonracha aige a bhaineann le Smacht a eascraíonn as Comórtais agus Cluichí, seachas Craobhchomórtas Idirchontae na Sinsear.

Ní mór do gach Comhairle Chúige Coiste Éisteachtaí a bheith acu, a cheapfaidh an Choiste Cúige. Ní foláir nó go mbeidh cúigear ball ar a laghad air sin. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach gcaithfidh baill uile Choiste Cúige Éisteachtaí bheith ina mbaill reatha den Chomhairle Chúige é féin. Mar gheall air sin, is féidir leis an gComhairle Chúige leas a bhaint as saineolas iar-Chathaoirleach, iar-Rúnaithe, nó daoine ar bith eile a bhfuil an taithí ábhartha acu.

Níl baill reatha den Choiste Bainistíochta agus den Choiste Rialaithe Comórtas incháilithe, seachas an Rúnaí Cúige i gcás Achomharc.

Féadfaidh an Coiste Cúige Éisteachtaí déileáil leis na Cúrsaí Smachtaithe ar fad a bheidh faoi agóid laistigh de dhlínse na Comhairle Cúige. Tabharfaidh sé breithiúnas chomh maith ar Achomhairc a eascraíonn ó Chontaetha laistigh den Chúige.

An Leibhéal Láir

Is éard is Coiste Bainistíochta ann Fochoiste reachtúil den Chomhairle Láir. Tá feidhmeanna sonracha aige i ndáil le Cúrsaí Smachtaithe nach dtagann as Comórtais nó Cluichí.

Ní mór don Chomhairle Láir, amhail na Coistí Contae agus na Coistí Cúige, Coiste Rialaithe Comórtas a bheith acu. Baineann a phríomhról le Cláir Cluichí ach tá líon feidhmeanna sonracha aige a bhaineann le Smacht a eascraíonn as Comórtais agus Cluichí faoi dhlínse na Comhairle Láir agus ó Chluichí Craobhchomórtais na Sinsear.

Beidh Lárchoiste Éisteachtaí ag an gComhairle Láir. Déileálfad an Lárchoiste Éisteachtaí leis na Cúrsaí Smachtaithe ar fad a bheidh faoi agóid ar an Leibhéal Láir.

Tabharfaidh an Lárchoiste Achomharc breithiúnas ar gach achomharc ar an Leibhéal Láir. Breithneoidh sé iarratais ar Athbhreithniú ar Fhionraíocht arna leagan amach i Riail 7.12 agus tabharfaidh sé moltaí faoi na hiarratais don Chomhairle Láir.

Cuid III

BEART SMACHTAITHE A THIONSCNAMH

Tosaítear Beart Smachtaithe ar bhealach amháin de dhá bhealach.

Ar an gcéad dul síos, i gcás go nochtar Calaois i dTuairisc an Réiteora a d'eascair as cluiche, lena n-iarrrtar pionós sa mhullach ar an méid a forchuireadh i ndáiríre ar an bpáirc (a eascraíonn de ghnáth nuair a chuirtear imreoir den pháirc, ach d'fhéadfadh sé eascairt chomh maith ó theagmhais eile), tionscnaítear Beart Smachtaithe nach mór don Choiste Rialaithe Comórtas é a phróiseáil.

Ar an dara dul síos, i gcás go ndírítear aird an Choiste Rialaithe Comórtas nó an Choiste Bainistíochta ar fhaisnéis trí bhealach eile, lena dtugtar chun tuiscint gur tharla sárú ar Riail, beidh an t-údarás ag an gCoiste Rialaithe Comórtas nó an gCoiste Bainistíochta cinneadh a dhéanamh faoi an dteastaíonn Beart Smachtaithe nó nach dteastaíonn. Dá réir sin, mar shampla, d'fhéadfadh sé go bhfaca Ball den Chumann teagmhas ag cluiche nó ina dhiaidh sin nach raibh i dTuairisc an Réiteora, nó loitiméireacht ar áitreabh an Chlub nó mí-iompar éigin eile, agus d'fhéadfadh sé é sin a chur in iúl don Chomhairle nó don Choiste a bhfuil dlínse acu maidir leis an ábhar. Féadfaidh an Coiste Bainistíochta nó an Coiste Rialaithe Comórtas, i gcúrsaí a thagann as a réimsí faoi seach, réamhfhiosrúcháin a dhéanamh agus a chinneadh ansin cibé acu imscrúdú a thionscnamh nó gan imscrúdú a thionscnamh. Tá an chumhacht Beart Smachtaithe (i.e. Ball nó Aonad a "chúiseadh") ag an gCoiste Bainistíochta nó ag an gCoiste Rialaithe Comórtas agus ní féidir é a achomharc.

Maidir leis an dara catagóir de na cásanna thuas, tá srian tábhachtach ar údarás an Choiste Rialaithe Comórtas maidir le Beart Smachtaithe a thionscnamh a eascraíonn as Cluichí agus is féidir é sin a fháil i Riail 7.3(f). Ní mór don Choiste Rialaithe Comórtas soiléiriú a fháil ar dtús ón Réiteoir nach dtug sé breithiúnas ar ábhar an Iarratais.

TÉARMEOLAÍOCHT

Ba cheart a thuiscint go mbaineann gach tagairt don Choiste Rialaithe Comórtas thíos mar thagairtí a bhaineann mar an gcéanna leis an gCoiste Bainistíochta, más cuí .

IMSCRÚDÚ AR LÍOMHAINTÍ

An gnáthchás: I gcás go mbaineann Tuairisc an Réiteora, déanann an Coiste Rialaithe Comórtas anailís ar an Tuairisc. Sular ndéantar beart ar bith ar bhonn na Tuairisce, scrúdóidh an Coiste an Tuairisc chun an méid seo a leanas a chinntiú:

- (1) go gcloíonn sé le Riail 1.7 (An Treoir Oifigiúil, Cuid 1). I ngach cás nach bhfuil an Tuairisc sínithe i nGaeilge, faoi mar a cheanglaítear faoin Riail, ní mór í a chur ar ais lena ceartú.
agus
- (2) go gcloíonn sé go dóthanach le Riail 1.6 (An Treoir Oifigiúil, Cuid 2). Tá sé sin tábhachtach le haghaidh tuairisciú cuí teagmhas agus le haghaidh coinneáil chúí taifead. Mura bhfuil gach mír faoi Riail 1.6 thuas sa Tuairisc, ní chiallaíonn sé sin nach féidir í a úsáid. D'fhéadfaí a iarraidh ar an Réiteoir, áfach, easnaimh ar bith a measann an Coiste Rialaithe Comórtas iad a bheith ábhartha a cheartú.

I gcás go bhfuil go leor sonraí i dTuairisc an Réiteora faoin teagmhas a tharla (e.g. *Cuireadh "Imreoir 'A' den pháirc as céile comhraic a bhuaileann lena dhorn"*), ní theastódh tuilleadh imscrúdaithe de ghnáth agus is féidir Fógra um Beart Smachtaithe a chur amach le cóip de Thuairisc an Réiteora (nó cuid di) ceangailte leis.

Corruair, b'fhéidir nach mbeadh go leor sonraí i dTuairisc an Réiteora. Mar shampla, d'fhéadfadh gur tharla gortuithe tromchúiseacha mar thoradh ar Chalaois, agus d'fhéadfadh roinnt faisnéise maidir leis na gortuithe sin bheith ábhartha don pionós i gcás go gcruthaítear nó go n-adhmaítear an Chalaois sin.

Corruair, chomh maith, beidh débhríonna i dTuairisc an Réiteora, agus d'fhéadfadh go mbeadh gá le Soiléiriú a iarraidh. Ní mór é sin a iarraidh i scríbhinn. Ní mór Soiléiriú ar bith dá leithéid a bheith i

scríbhinn chomh maith, agus beidh sé ina chuid de Thuairisc an Réiteora.

Bíonn amanna ann nuair a bhíonn fianaise ar Chalaois i dTuairisc an Réiteora, ach go measann an Coiste Rialaithe Comórtas (cibé acu trí chumhdach teilifíse nó ar shlí eile) e.g. nach raibh gá leis an imreoir a chur den pháirc. Cad ba cheart don Choiste Rialaithe Comórtas a dhéanamh sa chás sin? Is é an freagra air sin go gcaithfidh sé an cás a phróiseáil ar an ngnáthdhóigh. Níl an chumhacht ag an gCoiste Rialaithe Comórtas imreoir a shaoradh ó aon mhilleán; coimeádtar an fheidhm sin don Coiste Éisteachtaí. Tá an Coiste Rialaithe Comórtas, ar ndóigh, i dteideal a amhrais a chur in iúl don Choiste Éisteachtaí faoin gCalaois a tuairiscíodh.

Cásanna casta: I gcásanna eile, amhail i gcásanna a eascraíonn as achran ag cluiche nó teagmhas a tharlaíonn i ndiaidh an chluiche, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le himscrúdú níos iomláine. Ní dhéantar soláthar a thuilleadh sa Riail i leith "imscrúduithe" a dhéantaí mar Éisteachtaí foirmiúla tráth.

Ní theastaíonn foirmiúlachtaí nó nósanna imeachta sonracha ar bith le haghaidh imscrúdaithe ar chalaoisí agus tá an t-údarás agus an tsaoirse ag an gCoiste Rialaithe Comórtas é a stiúradh cibé dóigh is iomchuí leis. Tá sé sin tábhachtach, mar go gcaithfidh an Coiste Rialaithe Comórtas a imscrúdú a dhéanamh chomh gasta agus is féidir agus páirtí ábhartha ar bith a chúiseamh sula mbíonn sé rómhall le bheith éifeachtach.

Ní bhíonn Éisteacht ar bith ag an gcéim seo toisc nach ndéantar cinntí fíorais ar bith. Níl cumhacht ar bith ag an gCoiste Rialaithe Comórtas cinntí fíorais a dhéanamh: is é sin cúram an Choiste Éisteachtaí má chosnaítear an cás. Má chuirtear i gcoinne na líomhna, beidh an deis ag Páirtí na Cosanta Éisteacht a iarraidh, agus beidh na cearta agus na cosaintí uile is gá ar fáil don pháirtí sin nuair a chuirfear an t-ábhar os comhair an Choiste Éisteachtaí.

Is éard a bheadh i gceist i ngnáthimscrúdú sna cúinsí sin, labhródh ball amháin nó níos mó den Choiste Rialaithe Comórtas leis na daoine a d'fhéadfadh go bhfaca siad an teagmhas a bheadh á imscrúdú agus ráitis a ghlacadh. Beidh físeán i gceist corruair. Má tharla sé ag cluiche, ba cheart Tuairisc an Réiteora a sheiceáil le haghaidh tagairtí ar bith, agus ba cheart labhairt leis na hoifigigh chluichí go léir. Má gortaíodh duine éigin, d'fhéadfaí go labhrófaí leis, agus má tá sé sásta sonraí a thabhairt faoina ghortuithe, ní mór tuairisc nó nóta a ghlacadh ar na gortuithe sin. Mar atá i gcás ar bith, ba cheart Tuairisc an Réiteora a sheiceáil lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis riachtanach ar fad inti.

Ar cheart don Choiste Rialaithe Comórtas labhairt le daoine a d'fhéadfadh go gcúiseofaí iad ina dhiaidh sin as an gCalaois agus a n-imscrúdú á dhéanamh acu? Níl ceist sheasta ar bith air sin; braithfidh sé ar cibé an mheasfaidh an Coiste go bhfuil gá leis nó nach bhfuil. Toisc nach imscrúdú coiriúil é an nós imeachta seo ag na gardaí, níl ceart chun tosta ar bith i gceist sa chás sin, agus níl gá le "rabhadh" (i.e. rabhadh go bhféadfaí an ball a chúiseamh).

I gcás go nglactar ráitis ó dhuine ar bith, is é an dea-chleachtas go mbeidh beirt bhall nó níos mó den Choiste Rialaithe Comórtas ansin. Seachnaíonn siad díospóidí níos déanaí faoi cad a dúradh agus cé hé a ndúradh leis é, etc.

Ar bhonn an imscrúdaithe, féadfaidh an Coiste Rialaithe Comórtas cinneadh a dhéanamh maidir leis an mBeart Smachtaithe a thionscnamh. Ba cheart an tasc sin a dhéanamh le cinneadh ón gcoiste le chéile. . Coinnigh cuimhne, áfach, go mbíonn Riail 7.3(f) i bhfeidhm i gcás go n-eascraíonn an t-ábhar lena mbaineann as na Cluichí (i.e. "ag tarlú ar an bPáirc Imeartha nó gar di roimh Chluiche, le linn Cluiche nó i ndiaidh Cluiche") agus ní mór cloí leis an Riail sin sula dtionscnaítear Beart Smachtaithe ar bith sna cásanna sin. Má chinneadh an Coiste Beart Smachtaithe a thionscnamh, ní mór Tuarascáil ar Smachtú a ullmhú.

AN TUARASCÁIL AR SMACHTÚ

Ullmhaíonn an Coiste Rialaithe Comórtas nó an Coiste Bainistíochta í sin, ag brath ar cé acu dóibh siúd ar leo an t-imscrúdú Tá na ceithre ábhar riachtanacha i dTuarascáil ar Smachtú leagtha amach i Riail agus is iad:

- Ainm an duine nó an Aonaid a cúisíodh as Calaois (Páirtí na Cosanta)

- Cur síos gairid ar an gCalaois líomhnaithe agus an Riail (Rialacha) lena mbaineann. Ciallaíonn sé sin nach mór ráiteas faoi cad a tharla mar a líomhnaítear *agus* Riail (Rialacha) na Treorach Oifigiúla a shonrú. Nuair atá Tuairisc an Réiteora i gceist, beidh an cur síos gairid i dTuairisc an Réiteora go ginearálta, agus fad is go n-aithnítear an Riail san Fhógra, ní bheidh gá le ráiteas eile.
- Cóipeanna de na doiciméid uile agus fianaise ábhartha eile ar fáil don Choiste Rialaithe Comórtas - áireofaí Tuairisc an Réiteora leis seo i gcónaí, más ábhartha. D'fhéadfadh ráitis a ghlactar ó fhinnéithe, litreacha a fuarthas ó fhinnéithe, tuairiscí leighis (i gcásanna eisceachtúla) nó fístéip a bheith ábhartha chomh maith.
- Liosta finnéithe a theastóidh ón gCoiste Rialaithe Comórtas le haghaidh Éisteachta ar bith. I gcás go bhfuil Tuairisc an Réiteora i gceist, ní bheidh gá le finnéithe ar bith. De réir na Rialacha is féidir an liosta sin a nuashonrú ag céim níos déanaí más gá.

Tá Tuarascáil fhoirmiúil ar Smachtú leagtha amach in *Aguisín II*. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, i bhformhór na gcásanna, gur leor cóip de Thuairisc an Réiteora, nó cuid is infheidhme de, agus litir chumhdaigh chuí ceangailte leis (ina sonraítear an Riail (Rialacha) lena mbaineann, gan aon ghá a bheith le doiciméad foirmiúil.

FÓGRA

Ní mór don Choiste Rialaithe Comórtas fógra a thabhairt do Pháirtí na Cosanta faoin mBeart Smachtaithe. Is é is cuspóir leis an bhfógra sin:

- a chur in iúl do Pháirtí na Cosanta go bhfuil sé cúisithe as Calaois;
- deis chothrom a thabhairt dó chun cur i gcoinne an chúisimh atá á ndéanamh ina choinne;
- deis chothrom a thabhairt dó chun an chúiseamh a admháil agus pionós molta a ghlacadh; agus
- a staid san imeacht go **(a)** n-admhaíonn sé an chúiseamh nó **(b)** go bhfuil sé ag cur i gcoinne an chúisimh a chur in iúl dó.

Cá ba cheart a bheith san Fhógra?

Ní mór na ceithre fhoráil riachtanacha de Thuarascáil ar Smachtú a bheith san Fhógra (sa litir féin nó sna doiciméid a ghabhann leis); ba cheart Pionós Molta a bheith ann chomh maith; agus ní mór Páirtí na Cosanta a chur ar an eolas faoina cheart um Éisteachta trí bhíthin freagra a thabhairt laistigh de thrí lá ón dáta agus ón am a bhfuarthas an Fógra. . Ba cheart rabhadh a thabhairt ann chomh maith don té a bhfuiltear ag caint leis faoi na hiarmhairtí a bheidh i gceist mura dtugtar freagra ar an bhFógra,

I bhformhór na gcásanna, beidh Tuairisc an Réiteora ceangailte leis an bhFógra agus cuimseofar faisnéis ar bith eile a theastaíonn ann chun na riachtanais a dhéanamh suas (amhail forálacha sonracha Rialach), mar aon le Pionós Molta.

I gcásanna níos casta, beidh Tuarascáil fhoirmiúil (le doiciméid ar bith eile dá dtagraítear sa Tuarascáil ar Smachtú) ceangailte leis, agus molfar Pionós Molta.

Tá an Pionós Molta tábhachtach maidir le réidh a fháil le bhformhór na gcásanna leis an iarracht is lú. I gcás nach gcuirtear i gcoinne na Calaoise, leis an mearchóras seo, is féidir admháil a dhéanamh ionas gur féidir am agus caiteachas éisteachta foirmiúla a sheachaint, rud a rachaidh chun sochair na gCoistí agus Pháirtithe na Cosanta araon. Ceapann an Coiste Rialaithe Comórtas gurb é an Pionós Molta an pionós cuí faoin Riail (Rialacha) is infheidhme, don Chalaois líomhnaithe. Ní féidir leis bheith níos lú ná an pionós íosta is infheidhme choíche. Níor cheart do Choiste Rialaithe Comórtas beartas socraithe a bheith aige i ndáil le pionóis mholta agus ba cheart dó gach cás aonair a mheas ar a fhiúntais féin.

Go ginearálta, mura bhfuil cúinsí neamhghnácha nó géaraitheacha i gceist, is é an pionós molta a ghearrfar an pionós infheidhme is lú i gcomhair na Calaoise líomhnaithe. Sárófar an pionós íosta leis in dhá chás: Ar an gcéad dul síos, gabhfaidh pionós íosta arb ionann leis an ngnáthpionós faoi

dhó le "Calaoisí Athuairé" áirithe a tharlaíonn laistigh de thréimhse 48 seachtain (nó tréimhse 96 seachtain i ndáil le Catagóir VI). Ar an dara dul síos, má mheasann an Coiste Rialaithe Comórtas go dteastaíonn pionós níos mó ná an pionós íosta de dheasca thromchúis na Calaoise, mar sin molfar pionós níos mó. Má mholtar pionós níos mó ná an pionós íosta, go hidéalach ba cheart go mbeadh go leor sonraí sa Tuarascáil um Smachta (nó i dTuairisc an Réiteora) chun

míniú gairid a thabhairt do Pháirtí na Cosanta maidir leis an bhfáth go bhfuil pionós níos mó á mholadh (agus ba cheart tagairt don riail lena rialaítear an t-ábhar sin a bheith inti) (i.e. Riail 7.5(b)).

Bheadh sé ina chuidiú freisin dá ndearbhófaí san Fhógra, nuair is infheidhme, go bhfuil imreoir ar fionraí le Fionraíocht Chluiche nó Téarma na Fionraíochta ag feitheamh chinneadh an Bhirt Smachtaithe. Níl an t-eolas breise riachtanach agus ní ordaítear é leis an Riail agus toisc gur féidir le Páirtí na Cosanta an Pionós Molta a dhiúltú agus Éisteacht a iarraidh. Mar sin féin, tá sé ina chuidiú.

Faoi mar a luadh roimhe, is féidir feidhmeanna an Choiste Rialaithe Comórtas a tharmligean. Dá réir sin, agus cinneadh á dhéanamh faoin bPionós a mholfar, d'fhéadfadh sé gur mian leis an gCoiste Rialaithe Comórtas cruinniú a bheith acu, ach féadfaidh sé an fheidhm a tharmligean chuig ball amháin nó níos mó dá bhallraíocht. D'fhéadfadh sé go bhfuil nós imeachta measctha ag cuid díobh i gcás go dtarmligtear ball amháin nó beirt ball chuig an tasc maidir le pionóis a mholadh, agus ag an am céanna a bheith faoi oibleagáid údarás an Choiste iomláin a bheith acu maidir le pionóis a ghearradh atá níos mó ná an pionós íosta. An rud tábhachtach le cuimhneamh air ná, cibé córas a úsáidtear, gur cheart don Choiste miontuairisc a scríobh go foirmiúil faoi chinneadh ar bith maidir le feidhmeanna a tharmligean (go hidéalach, ag tús na bliana i.e. i ndiaidh an Choinbhinsiúin Chontae roimhe sin) agus má tá an tarmligean faoi réir cáilíochtaí, ba cheart na cáilíochtaí sin a scríobh síos freisin.

Chun Páirtí na Cosanta a éascú, beidh Foirm Freagra (arna ordú ag an gComhairle Láir) ceangailte leis. Tá an Fhoirm Freagra ar fáil in Aguisín II.

Tá roinnt Foirmeacha caighdeánach Fógra leagtha amach in Aguisín II. Ní gá cloí go docht leis na Foirmeacha Fógra sin, ar an gcoinníoll go bhfuil na riachtanais riachtanacha san Fhógra atá á eisiúint.

Tá sé tábhachtach go ndéanfar an Fógra a sheirbheáil ar Pháirtí na Cosanta. Tá na Rialacha maidir le fógraí a sheirbheáil leagtha amach i Riail 4.6.

D'fhéadfaí duine a sheirbheáil -

- Go pearsanta (i.e. trí é a shíneadh chuig an duine), nó
- Tríd an bpost nó seachadadh de lámh chuig a gnáthsheoladh, nó
- Tríd an bpost nó sheachadadh chuig Rúnaí an Chlub nó Rúnaí an Chontae má eascraíonn an Beart Smachtaithe as cluiche Idirchontae, nó
- Le facs nó ríomhphost (chuig uimhir/seoladh an duine aonair nó chuig uimhir/seoladh Rúnaí a Aonaid)

N.B.: Nuair a sheoltar Fógra trí Rúnaí Aonaid, ní mór é a dhíriú ar an mBall go pearsanta.

Seirbheáiltear Club nó Coiste trína Rúnaí a sheirbheáil go pearsanta nó thrí sheachadadh tríd an bpost, de lámh, le ríomhphost nó facs chuig seoladh/uimhir an Aonaid nó a Rúnaí.

Ba cheart Nóta a choinneáil faoi cá huair, cá háit agus cén dóigh ar seirbheáil an Fógra.

Cásanna Eisiaimh: i gcás nach bhfuil Páirtí na Cosanta i dteideal Éisteacht mar cheart

Baineann na cásanna sin le:

- Calaoisí lena ngabhann íosfhíneáil mar phionós (*i.e. i gcás go bhforchuirtear an íosfhíneáil amháin*).
- Cailliúint Pointí mura gcomhlíontar clár cluichí sraithe;

I gcásanna dá leithéid, tugtar fógra faoi Pháirtí na Cosanta maidir le forchur an phionóis. Féadfaidh an Coiste Bainistíochta nó an Coiste Rialaithe Comórtas, de réir mar is cuí, aontú le

hÉisteacht nó le hAthbhreithniú, ach níl sé sin éigeantach. Mar sin féin, nuair a thugtar fógra faoi fhorchur pionóis, beidh Páirtí na Cosanta i dteideal Achomhairc.

Maidir leis an gcás chás thuas, i gcás go bhfuil sé beartaithe ag an gCoiste Bainistíochta nó ag an gCoiste Rialaithe Comórtas fíneáil a fhorchur atá níos mó ná an t-íosphionós, ní mór don Choiste Fógra um Beart Smachtaithe a eisiúint agus cloí leis na nósanna imeachta caighdeánacha.

FREAGRA

Ní mór do Pháirtí na Cosanta freagairt a thabhairt ar an líomhain a rinneadh anois. I gcás nach bhfuil díospóid ar bith ann gur tharla an Chalaois faoi mar atá líomhnaithe agus go measann Páirtí na Cosanta go bhfuil an Pionós Molta ceart, sábhálfaidh Páirtí na Cosanta an stró Éisteacht a eagrú don Choiste Rialaithe Comórtas má ghlacann sé leis an bPionós Molta.

Mura dtugann Páirtí na Cosanta freagra laistigh de *thrí lá* ón dáta agus ón am a bhfuarthas an fógra (féach forálacha Riail 4.6 (b) Cumarsáid-Am an tSeachadta), mar sin glactar leis gur ghlac an Páirtí leis an bPionós Molta. B'fhéidir go measfar go bhfuil an tréimhse seo an-ghairid; ach d'fhéadfadh gá bheith le rudaí a bhogadh ar aghaidh go gasta mar gheall ar Chomórtais atá ar siúl. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, go seirbheálfar mar is ceart é agus go mbreacfaidh Rúnaí an Choiste Rialaithe Comórtas am agus dáta an postála síos.

Má thugann Páirtí na Cosanta freagra nach bhfuil an Páirtí ag glacadh leis an bPionós Molta, cuirfear an cás ar aghaidh chuig an gCoiste Éisteachtaí.

EISCEACHTAÍ AR AN bPRÓISEAS LE hAGHAIDH RIAIL 7.2(B) CALAOISÍ CHATAGÓIRÍ I AGUS II

I gcás Calaoisí Chatagóirí I agus II ar Riail 7.2(b), is é an Pionós a bhfuil fógra á thabhairt ina leith ceann a seirbheáladh cheana de 'Dhícháilíocht ó Imirt don Chuid eile den Chluiche, lena n-áirítear Am Breise', ní bheidh an ball lena mbaineann, ag an bpointe seo, ach i dteideal Fógra i scríbhinn faoi Dhearbhú an Phionóis amháin agus ní i dteideal Éisteachta. I gcás go mbíonn agus nuair a bhíonn Fionraíocht Chluiche nó Ama ina Phionós Molta maidir le Calaoisí Athuaire faoi mar a sholáthraítear sa Riail, féadfaidh an Ball Éisteacht a iarraidh ag a mbeidh sé i dteideal fianaise a thabhairt maidir le cás ar bith nó gach cás inar eisíodh Cártaí Buí nó Dubha chuige a bhaineann leis an bhFionraíocht Mholta.

Cuid IV

I gCÁS GO nGLACTAR LEIS AN bPIONÓS MOLTA

I gcás go nglacann Páirtí na Cosanta leis an bPionós Molta san Fhoirm Freagra nó trí gan freagra ar bith a thabhairt air, déantar pionós foirmiúil den Phionós Molta agus cuireann an Coiste Rialaithe Comórtas ar thaifead Páirtí na Cosanta é. Cuirfear dearbhú faoin bPionós sin chuig Páirtí na Cosanta, ina mbeidh an Riail (Rialacha) faoina bhforchuirtear an Pionós luaite. Ní gá a rá nach féidir Achomharc a dhéanamh i gcoinne forchur pionóis i gcás go nglactar leis an bPionós molta.

Cuid V

I gCÁS NACH nGLACTAR LEIS AN bPIONÓS MOLTA

D'fhonn an Pionós Molta a dhiúltú agus Éisteacht a iarraidh, ní ga do Pháirtí na Cosanta rud ar bith a dhéanamh ach diúltú an Pháirtí a shonrú san Fhoirm Freagra.

Má bhíonn iarratas (iarratais) ar bith ag Páirtí na Cosanta e.g. mura bhfuil an Páirtí, nó finnítithe an Pháirtí ar fáil ar dháta faoi leith) ba cheart iad sin a lua freisin, ionas go mbeidh Rúnaí an Choiste Éisteachtaí, a mbeidh air nó uirthi dáta a shocrú don Éisteacht, déileáil leis an iarratas (na hiarratais), le réasún.

SOILÉIRIÚ AR THUAIRISC AN RÉITEORA

Féadfaidh Páirtí na Cosanta Soiléiriú ar Thuairisc an Réiteora a iarraidh, agus má iarrann an Páirtí é sin, ní mór don Coiste Rialaithe Comórtas cloí leis an iarratas.

Le sampla a thabhairt, d'fhéadfadh sé go mbeadh Tuairisc an Réiteora bunaithe ar fhaisnéis a thug a Mhaor dó: má bhíonn fianaise ar fhíseán ag Páirtí na Cosanta ina dtaispeántar nach raibh sé ar chumas an Mhaoir an chalois líomhnaithe a fheiceáil, bheadh sé cuí a iarraidh ar an Réiteoir a shoiléiriú cibé an bhfuair sé an fhianaise sin ón Maor nó nach bhfuair.

ROCHTAIN AR THAIFID OIFIGIÚLA

Roimh 2018, bhí teidlíocht ghinearálta ann faoina dtagrófaí mar “Dhoiciméid Oifigiúla” Mar gheall ar úsáid ró-fhairsing agus leatromach na saoráide, leasaíodh forálacha inar moladh teidlíocht ghinearálta agus anois is é an t-aon bhonn do Pháirtí na Cosanta maidir le doiciméid ar bith a fháil, cibé an doiciméid oifigiúla iad nó nach hé nó cibé an bhfuil taifid nó doiciméid de chineál ar bith eile (a) deonach ar bhonn iarratais ó Pháirtí na Cosanta nó (b) ar bhonn treorach ón gCoiste Éisteachtaí faoi Riail 7.3(z). Má bhíonn iarratas le déanamh leis an gCoiste Éisteachtaí d'fhéadfadh sé go mbeadh easpa creidiúnachta ann mura ndearnadh iarratas i scríbhinn roimh sin.

AN ÉISTEACHT A CHUR AR BUN

Nuair a fhaigheann Rúnaí an Choiste Rialaithe Comórtas an Freagra agus Éisteacht á iarraidh ann, seolann sé nó sí an Tuarascáil agus an Fógra ar Smachtú chuig Rúnaí an Choiste um Éisteachtaí. Tionólann Rúnaí an Choiste Éisteachtaí cruinniú de chuid an Choiste Éisteachtaí (d'fhéadfadh sceideal cruinnithe bheith eagraithe roimhe ré ina bhféadfaí an cás a sceidealú). Ba cheart do Chóipeanna den Fhógra, den Tuarascáil ar Smachtú agus den Fhreagra a bheith ar fáil don Choiste Éisteachtaí a bheidh ag stiúradh na hÉisteachta.

Ní mór an Pionós Molta a “cheilt” ar chóip an Fhógra um Beart Smachtaithe a chuirfear ar aghaidh chuig an gCoiste Éisteachtaí. Déanfar é sin chun go gcuideofar leis an tionchar a d'fhéadfadh bheith ar intinn an Choiste Éisteachtaí a dhíothú. Má chinneann siad gur cruthaíodh an Chalois, ní mór dóibh pionós a shocrú ar bhonn an mhéid a cuireadh ina láthair agus ní ar bhonn an mhéid a mhol an Coiste Rialaithe Comórtas. Nochtfar an Pionós Molta go minic ar scor ar bith, go háirithe i gcásanna ardphróifíle (agus go minic toisc go nochtann Páirtí na Cosanta nó a Chlub/a Chontae é): ní dhéanfar na himeachtaí neamhbhailithe leis sin ach tá sé neamh-inmhianaithe.

Tugann Rúnaí an Choiste Éisteachtaí fógra ansin do Rúnaí an Choiste Rialaithe Comórtas agus do Pháirtí na Cosanta maidir le háit, dáta agus am na hÉisteachta.

Más mian leis an gCoiste Rialaithe Comórtas cur lena liosta finnítithe, ní mór dó é sin a chur in iúl do Pháirtí na Chosanta agus do Rúnaí an Choiste Éisteachtaí (go hidéalach i scríbhinn, chun críche cruthúnais) 24 uair an chloig ar a laghad roimh am tosaigh ceaptha na hÉisteachta.

SEOLADH NA hÉISTEACHTA AGUS NA RIALACHA FIANAISE

Freastal: Ba cheart dóibh seo a leanas freastal ar an Éisteacht:

- Triúr ball ar a laghad den Choiste Éisteachtaí (murach sin ní bheidh an córam a theastaíonn ann don chruinniú).
- Líon nach mó ná beirt Ionadaithe den Choiste Bainistíochta nó den Choiste Rialaithe Comórtas, de réir mar a bheidh an cás.
- Maidir le Páirtí na Cosanta
 - más Ball Aonair é, is féidir le Ball Iomlán amháin dá Chlub/Aonad a bheith ina chuideachta.
Is féidir le Ball faoi Aois a thuismitheoir(i) nó a chaomhnóir(i) a bheith ina chuideachta chomh maith.
 - más Club, Coiste nó Comhairle é, déanfaidh beirt ionadaithe dá Bhaill Iomlána ionadaíocht ar a shon.
- Finnéithe ar bith - is faoin bpáirtí a iarrann an finné a chinntiú go bhfreastalóidh sé.

Fianaise: Faoi réir eisceachtaí, ba cheart fianaise a thabhairt ó bhéal. Níor cheart caitheamh le litreacha nó doiciméid mar fhianaise dhochloíte ar a ndeirtear iontu má tá a n-ábhair le bheith mar ábhar i mórdhíospóid. Dar ndóigh is féidir leis an duine a chruthaigh an doiciméad fianaise ó bhéal a thabhairt go bhfuil an doiciméad beacht; má dhéanann sé amhlaidh, measfar go bhfuil stádas fianaise ó bhéal leis an doiciméad. Go bunúsach, ba cheart don Choiste Éisteachtaí measúnú a dhéanamh ar gach mír fhianaise agus cá háit ar tháinig sé as, agus ualach nó tábhacht a chur leis dá réir sin. Dá bhrí sin is léir nach mbeadh mórán luacha don Éisteacht le litir ó dheartháir Pháirtí na Cosanta ag maíomh *“nach raibh a dheartháir ag troid riamh ina shaol”*.

Tuairiscí an Réiteora: Ceann de na príomheisceachtaí ar an rogha ghinearálta le haghaidh fianaise ó bhéal is ea Tuairisc an Réiteora. Tá Tuairisc an Réiteora (agus Soiléiriú ar bith san áireamh) ina cruthúnas ar cad a deirtear inti ach amháin i gcás go dtaispeántar i *“bhfís nach bhfuil eagarthóireacht déanta air nó fianaise an-láidir ar bith eile”* go ndearna an Réiteoir botún. Níl dóigh ar bith ar leith ar cheart fianaise ar fhíseán a thaispeáint. Is féidir an físeán a chur níos moille, a chur níos gaiste agus mar sin de, fad is nach n-athraítear é. Cibé cé a bheidh á thabhairt isteach ní mór dó cóip a chur ar fáil don taobh eile den téip/DVD roimh an Éisteacht ionas go mbeidh deis acu breathnú air.

Cad is *“fianaise an-láidir eile”* ann? Ní féidir (nó níl sé inmhianaithe) é seo a shainiú ar bhonn uileghabhálach. Cuirtear an clásal breise sin leis an Riail toisc go bhfuil an seans ann i gcónaí go bhféadfaí fianaise éigin bheith ar fáil atá chomh láidir sin nach bhféadfaí neamhaird a dhéanamh di. D'fhéadfadh, mar shampla, grianghraf de theagmhas lena gcruthaítear go ndearnadh iomrall aithne bheith i gceist. D'fhéadfadh sé bheith ina *chomhcheangal* de mhíreanna eile fianaise. Cé go bhfuil fianaise atá *“an-láidir”* ina cheist fhírice a chinnfidh an Coiste Éisteachtaí, moltar go bhfuil siad seo a leanas ina samplaí den mhéid - á nglacadh astu féin - *nach* mbeadh *“an-láidir”*:

- tuairim an lucht féachana ag an gcluiche;
- tuairim Oifigigh an Choiste Contae ag an gcluiche;
- admháil ó imreoir eile gurbh eisean a rinne an chalaois (toisc go bhféadfadh sé sin a thabhairt ar bhaill foirne níos laige admhálacha nach bhfuil fíor a dhéanamh chun an *“laoch”* imreora a shaoradh ó aon mhilleán).

Tabhair faoi deara, áfach, go bhféadfadh na cúrsaí thuas, mar aon le fianaise eile, a thaispeáint go bhfuil earráid i dTuairisc an Réiteora.

Ord na n-imeachtaí: Ag tús na hÉisteachta, ba cheart don Choiste Rialaithe Comórtas an líomhain a rinneadh a lua, sleachta ábhartha ar bith a léamh ó Thuairisc an Réiteora lena mbaineann, agus finnéithe ar bith a chur i láthair. Ba cheart a iarraidh ar na finnéithe ansin, más ann dóibh, a bhfianaise a thabhairt.

Tá cead ag Páirtí na Cosanta nó a Ionadaí Club/Aonaid croscheistiú a dhéanamh ar an bhfinné i ndiaidh dóibh a bhfianaise a thabhairt. Má phléitear fíricí úra ar bith sa chroscheistiú, féadfaidh an Coiste Rialaithe Comórtas tuilleadh ceisteanna a chur ar na finnéithe a d'eascródh ó na fíricí úra sin. I ndiaidh d'fhinnéithe an Choiste Rialaithe Comórtas, más ann dóibh, a bhfianaise a thabhairt, tugann

finneithe Pháirtí na Cosanta, más ann dóibh, a bhfianaise féin, agus beidh an prótacal céanna leis an gceistiú i bhfeidhm.

Féadfaidh an Coiste um Éisteachtaí ceisteanna a chur ar na finnítithe tráth ar bith le linn na hÉisteachta. Más é Páirtí na Cosanta is fearr atá ábalta fíric a chruthú (e.g. a aois) agus nach ndéanann sé amhlaidh, tá an Coiste Éisteachtaí i dteideal a mheas go bhfuil a chúiseanna leis sin a dhéanamh ar mhaithe leis féin. Dar ndóigh má bhíonn cúis mhaith ar fáil, ba cheart é sin a chur san áireamh, ach ní féidir le Páirtí na Cosanta suí ina thost agus glacadh leis nach féidir an tost sin a lua ina choinne.

Nuair a thugtar an fhianaise, féadfaidh an Coiste Rialaithe Comórtas agus Páirtí na Cosanta ráiteas a dhéanamh ina bhfabhar, agus freagra a thabhairt ar cheisteanna ar bith a chuireann an Coiste Éisteachtaí orthu. Ba cheart don Choiste Éisteachtaí Miontuairiscí den Éisteacht a choinneáil.

Fabhar/Leas Coinbhleachta: Cuimsítear Rialacha lena chinntiú go bhfuil cinnteoirí sa chóras saor ó fhoinsí seachtracha tionchair agus iad ag déileáil le cásanna smachtaithe, amhail dílseacht dá gclub féin, brústocaireacht nó cumarsáid neamhúdaraith. Tá sé tábhachtach cosaint a thabhairt in aghaidh ní hamháin fabhair ach in aghaidh thuiscint an fhabhair chomh maith; dá bhrí sin fiú mura mbíonn cinnteoir spreagtha ach ag dúthracht an freagra ceart a fháil amháin, d'fhéadfadh sé gur leor an chosúlacht go bhfuil coinbhleacht leasa ann go díreach (e.g. go m'bhféidir go ngnóthú a chlub féin sochar comhthaobhach ó thoradh na n-imeachtaí) chun údar a thabhairt lena éirí as an gcás. Tá sé sin tábhachtach chun muinín sa chóras a choimeád.

Ní sin le rá gur leor nasc lag ar bith go mbeadh gá le ball coiste éirí as. Ní chaithfidh an coiste cosaint a thabhairt ach i gcoinne tuairim *réasúnta* fabhair amháin, mar sin tá an coiste i dteideal cur chuige pragmatach a ghlacadh. Ba cheart don Bhall Coiste a Chathaoirleach a chur ar an eolas a luaithe is féidir maidir le coinbhleacht leasa.

Cur chuige ciallmhar is ea go gcuirfeadh Cathaoirleach na hÉisteachta nó an chruinnithe i gcuimhne do bhaill an choiste lena mbaineann an oibleagáid coinbhleachtaí leasa dáiríre nó braite a dhearbhu. I gcás Éisteachta, ba cheart do Chathaoirleach an Choiste Éisteachtaí coinbhleachtaí leasa braite ar bith a nochtadh dó agus ba cheart dó a iarraidh ar an gCoiste Rialaithe Comórtas agus Páirtí na Cosanta a dhearbhu nach bhfuil agóid ar bith acu i gcoinne duine ar bith de bhaill atá i bhfeighil an Choiste Éisteachtaí. Má cuirtear an agóid in iúl agus má bhíonn sé réasúnta, ba cheart don bhall lena mbaineann éirí as. Má mheastar nach bhfuil an agóid réasúnta, ní bheidh gá leis an mball éirí as ach go ginearálta ba cheart sochar an amhrais a thabhairt don pháirtí a bhfuil agóid á déanamh aige. Ba cheart a thaifead sna miontuairiscí gur iarraidh ar na baill coinbhleachtaí leasa dáiríre nó braite a nochtadh agus gur tugadh an deis do na páirtithe cur i gcoinne na ballraíochta sin.

Corruair, le linn Éisteachta, d'fhéadfadh sé go bhforbródh naimhdeas éigin idir páirtí amháin nó páirtí eile agus baill amháin nó dhó de Choiste Éisteachtaí. Níl sé sin ina fhianaise ar fhabhar as féin. Ní dhéanfar cinneadh neamhbhailí le fabhar ach amháin i gcás go dtagann an fabhar as toisc nó foinse éigin *taobh amuigh* de na himeachtaí féin.

An Pionós Molta: Chonamar níos luaithe go gceiltar an Pionós Molta ar na doiciméid a chuirtear chuig an gCoiste Éisteachtaí. Ní cheart go dtiocfadh an Pionós Molta chun cinn lena phlé ar chor ar bith. D'fhéadfadh sé uaireanta nár iarr Páirtí na Cosanta éisteacht mar gur cheap sé go raibh an Pionós Molta ró-chrua amháin agus go bhfuil pionós níos lú á lorg aige. Sa chás sin, d'fhéadfadh sé a mhaíomh nach raibh an Chalaois tromchúiseach go leor leis an méid atá á mholadh a thuilleadh. Níor cheart go dtarraingeofaí an Coiste Rialaithe Comórtas isteach i ndíospóid ar cibé an raibh an Pionós Molta cothrom nó nach raibh, mar nach bhfuil stádas ar bith aige a luaithe is a iarrtar éisteacht. Freastalaíonn an Coiste Rialaithe Comórtas ar an Éisteacht lena thaispeáin (a) gur tharla Calaois agus (b) chomh tromchúiseach is a bhí an Chalaois. Is faoin gCoiste Éisteachtaí atá sé cinneadh a dhéanamh faoi cén pionós ba cheart a thabhairt i gcás Calaoise a cruthaíodh agus má thionscain Páirtí na Cosanta an Pionós Molta, ba cheart don Choiste Rialaithe Comórtas gan aon rud a shonrú ach nach bhfuil an Pionós Molta ábhartha agus go bhfuil an chumhacht ag an gCoiste Éisteachtaí pionós dá leithéid a fhorchur mar is iomchuí leis (laistigh den Riail) ar bhonn an íosphionóis is infheidhme agus thromchúis an cháis. Coinnigh cuimhne i gcónaí, nach hionann an Éisteacht agus “achomharc” i gcoinne an Phionóis Mholta.

Ní dhéantar foráil sa Riail i leith **Ionadaíocht Dhlíthiúil**. Is Cumann amaitéarach é an Cumann agus is annamh go mbaineann iarmhairtí tromchúiseacha le himeachtaí smachtaithe, thar na pionóis a

fhorchuirtear go hinmheánach. Go ginearálta, dár réir sin, ní féidir le dlíodóirí freastal ar Éisteachtaí um Smachtú, mura dtarlaíonn sé trí sheans go bhfuil Ball Iomlán d'Aonad Pháirtí na Cosanta ina dhlíodóir.

NÓSANNA IMEACHTA COTHROMA

Tá na Rialacha Nós Imeachta atá leagtha amach i Riail 7.3(u) go (aa), ceaptha lena chinntiú go gcloítear le nósanna imeachta smachtaithe atá cothrom. Tá na rialacha sin ceaptha lena chinntiú a mhéid is féidir go bhfuil na Nósanna Imeachta Smachtaithe cothrom agus nach bhfuil scóip ar bith ann le haghaidh earráidí.

Tá sé tábhachtach a lua go bhfuil solúbthacht ag an gCoiste Éisteachtaí faoi na rialacha sin leis an Éisteacht a thionól i cibé foirm is iomchuí leis, agus mar sin nuair a thagann ceist neamhghnách chun cinn, tá scóip ann imeacht ón ngnáthphróiseas d'fhonn a chinntiú go ndéileálfar leis an gceist go cóir agus go héifeachtach.

I gcás go n-eascaíonn ceisteanna as Éisteacht, nach bhfuil treoir shonrach ar bith ina leith ó na Rialacha, ba cheart don Choiste Éisteachtaí an dá Riail bhunúsach um Nósanna Imeachta Cothroma a choinneáil i gcuimhne:

- Ba cheart deis dhóthanach a thabhairt don Choiste Rialaithe Comórtas agus do Pháirtí na Cosanta araon lena dtaobhanna faoi seach den scéal a insint. Áirítear leis sin a ceart finnétithe a thabhairt, an ceart nach n-éistfí le fianaise “taobh thiar dá ndroim”, dáta Éisteachta atá réasúnta áisiúil dóibh agus mar sin de.
- Ní mór don Choiste Éisteachtaí a bheith neamhchlaonta agus féarálte, agus níor cheart go mbeadh leas dílsithe ag aon duine de na bail i dtorthaí na hÉisteachta. Má bhíonn amhras ar bith ann, ba cheart do bhall coinbhleacht fhéideartha ar bith a dhearbhu, agus seans a thabhairt do na páirtithe agóid a dhéanamh.

Má choinníonn an Coiste Éisteachtaí an dá phrionsabal sin i gcuimhne, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le héifeachtacht, mar sin ní dóigh go ndéanfaidh sé botúin ar bith.

Faoi mar a luadh roimhe seo, cé go mbíonn an Coiste Rialaithe Comórtas i láthair go bunúsach chun an cás a ionchúiseamh, féadfaidh siad an tuairim a ghlacadh gur cheart Páirtí na Cosanta a shaoradh ó aon mhilleán e.g. má thugtar le fios le fianaise ar fhíseán go bhfuil Páirtí na Cosanta neamhchiontach as an gCalaois líomhnaithe. Baineann an próiseas leis an bhfreagra ceart a fháil, ní le “buachan” nó “cailleadh”.

Earraí Nós Imeachta a thagann chun cinn a Cheartú

D'fhéadfadh sé go mbeadh cásanna ann chomh maith i gcás go dtugann an Coiste Rialaithe Comórtas faoi deara roimh an Éisteacht gur sháraigh sé ceanglas teicniúil éigin, amhail an Riail mhícheart san Fhógra um Beart Smachtaithe a lua. Sna cásanna sin, moltar gurb é an rud ciallmhar le déanamh an locht teicniúil a chur ar aird Pháirtí na Cosanta agus an Choiste Éisteachtaí (trína Rúnaí) agus réiteach a mholadh. Tá cumhacht ghinearálta ag an gCoiste Éisteachtaí cinneadh maidir le “*cinneadh a dhéanamh ar gach ní a bhaineann le nós imeachta*”, agus féadfaidh sé cibé bearta is gá agus is cuí do riarachán Birt Smachtaithe a bhfuil agóid á déanamh ina choinne a dhéanamh.

I gcás earráidí i ndoiciméid, is féidir doiciméid a leasú le cead ón gCoiste Éisteachtaí le Riail 7.3(k). I gcás go gceadaítear leasú, féadfaidh an Coiste Éisteachtaí a ordú go dtabharfaí éifeacht chúlghabhálach don leasú i.e. go rachfar ar aghaidh leis an gcás amhail is dá mba rud é gurb é an leagan leasaithe an leagan a bhí ann i gcónaí. Má bhíonn sé sin oiriúnach ba cheart don Choiste Rialaithe Comórtas a iarraidh ar an gCoiste Éisteachtaí an t-ordú sin a thabhairt. Tabhair faoi deara gur faoin gCoiste Éisteachta atá sé an leasú a cheadú nó a dhiúltú; ach mura dtarlódh dochar tromchúiseach nó doleigheasta do Pháirtí na Cosanta, ba cheart don Choiste Éisteachtaí leasuithe dá leithéid a cheadú.

Mar shampla, glac cás ina bhfuil an Éisteacht á iarraidh agus go dtugtar faoi deara ina dhiaidh sin (ach roimh dháta na hÉisteachta) gur luadh an Riail mhícheart san Fhógra um Beart Smachtaithe. Sa chás sin, ba cheart don Choiste Rialaithe Comórtas scríobh chuig Páirtí na Cosanta agus chuig

Rúnaí an Choiste Éisteachtaí araon agus an leasú atá á iarraidh a léiriú agus cóip den doiciméad a eisiúint ina fhoirm leasaithe. (Ba cheart don Choiste Rialaithe Comórtas a bheith cúramach agus gan an Pionós Molta a nochtadh sa phróiseas sin). Toisc gur cinneadh an Choiste Éisteachtaí é an leasú a cheadú nó a dhícheadú, ba cheart déileáil leis sin mar an gcéad cheist ag an Éisteacht. Is féidir le Páirtí na Cosanta cur i gcoinne an leasaithe mholta. Ba cheart don Choiste Éisteachtaí a chinneadh réamhchéim cibé acu an leasú a cheadú nó gan é a cheadú a ag agus, má cheadaítear é, cibé acu coinníollacha ar bith a cheangal leis nó gan a cheangal leis. B'fhéidir go dtabharfaí deis úr, mar shampla, do Pháirtí na Cosanta le coinníoll

chun smaoineamh cibé an nglacfaidh nó nach nglacfaidh sé an pionós molta amuigh in ainneoin go mbeidh – mar gheall ar éifeacht chúlghabhálach an leasaithe – am imithe thart. Mar mhalairt air sin, d'fhéadfaí atráth Éisteachta a ordú. Más rud é, abair, gur áitigh Páirtí na Cosanta go raibh an oiread sin brí leis an leasú gur theastaigh níos mó ama uaidh chun ullmhú don Éisteacht, d'fhéadfadh atráth a bheith cuí, ach sna cásanna sin ní mór a chuimhneamh go bhféadfadh sé go raibh eolas ag Páirtí na Cosanta faoin leasú molta am éigin níos luaithe ná an Éisteacht féin, agus mar sin ní bheadh ábhair an leasaithe ina n-údar iontais.

D'fhéadfadh sé gur thángthas ar earráid sa doiciméad le linn na hÉisteachta. Sa chás sin ba cheart don Choiste Rialaithe Comórtas an earráid a léiriú agus leasú a iarraidh.

Más foirmiúlacht atá sa leasú go díreach a bhfuil sé ar chumas an Choiste Rialaithe Comórtas é a dheisiú ar an tort agus ansin gan dochar míchuí do Pháirtí na Cosanta, ní dóigh go dteastódh atráth ach más mian le Páirtí na Cosanta breathnú ar a seasamh i leith an Phionóis Mholta nó má chiallaíonn an leasú go dteastaíonn am uaidh i ndáiríre le déileáil le cúrsaí úra a tháinig chun cinn, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá leis an Éisteacht a chur siar.

Tá sé tábhachtach go gcloítear le foirmiúlachtaí toisc go dtugtar cosaint leo do chearta Pháirtithe na Cosanta; tá sé chomh tábhachtach céanna, áfach, nach gcuireann earráidí teicniúla isteach ar chinneadh cuí na n-imeachtaí smachtaithe, agus ba cheart do na páirtithe ar fad lena mbaineann - an Coiste Rialaithe Comórtas, Páirtí na Cosanta agus an Coiste Éisteachtaí - fios a bheith acu faoi sin. Ní hionann Éisteachtaí Smachtaithe agus trialacha coiriúla.

SOILÉIRIÚ AR THUAIRISC AN RÉITEORA I NDAIDH NA hÉISTEACHTA

Le linn na hÉisteachta d'fhéadfadh sé teacht chun cinn ó fhianaise go dteastaíonn tuilleadh eolais ón gCoiste Éisteachtaí ón Réiteoir. Má theastaíonn, féadfaidh an Coiste Éisteachtaí, faoi lánrogha féin, Soiléiriú a iarraidh, i ndiaidh na hÉisteachta. Ní mór é sin a iarraidh i scríbhinn, agus ní mór Soiléiriú ar bith a sholáthar i scríbhinn. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara sa chás sin, nach bhféadfaí Soiléiriú a iarraidh nó a úsáid i gcás go ndéanfaí an Pionós a mhaolú nó Páirtí na Cosanta a shaoradh ó aon mhilleán leis.

Ní theastódh an chumhacht sin rómhinic. Go ginearálta, dhéanfaí débhrionna follasacha ar bith a shoiléiriú roimh an éisteacht. In ainneoin sin, tá an tsaoráid ann toisc go bhféadfaí toisc neamhghnách éigin teacht aníos san Éisteacht nach raibh tuartha ag na páirtithe éagsúla lena mbaineann.

Cé nach bhfuil sé ceangailte leis an Riail, d'fhéadfadh sé bheith úsáideach don Choiste Éisteachtaí Réamhchinneadh a dhéanamh, a choinneofaí príobháideach, agus i gcás nach mbeadh maolú nó saoradh ó aon mhilleán i gceist leis an Soiléiriú, d'fhéadfadh an Réamhchinneadh bheith ina chinneadh Deiridh, gan gá a bheith ann le tuilleadh plé. Sábhalann sé sin am, agus cinntítear leis chomh maith nach dtéann Soiléiriú 'diúltach' ar bith i gcion ar intinn Bhaill an Choiste agus an Cinneadh Deiridh á dhéanamh acu.

CINNEADH ÓN gCOISTE UM ÉISTEACHTAÍ

Ba cheart don Choiste Éisteachtaí roinnt ama a ghlacadh chun dul i gcomhairle lena chéile go príobháideach sula dtugann siad a gCinneadh. D'fhéadfadh siad a roghnú gan Cinneadh a dhéanamh ar ócáid na hÉisteachta e.g. d'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó ama de dhíth orthu chun an fhianaise a bhreithniú. Ba cheart don Choiste Éisteachtaí a thabhairt faoi deara nach bhfuil ról ar bith aige maidir le beartas a leagan síos don Chumann. Níor cheart go bhféachfadh sé le go dtuigfí é mar chosantóir Réiteoirí nó Coistí nó imreoirí. Is é a ról measúnú ar dhéanamh ar an bhfianaise a chuirtear os a choinne ar mhodh neamhchlaonta agus breithiúnas a thabhairt ar na fíricí nó na léirmhínte a bhfuiltear ag cur ina gcoinne i ndíospóid. Is é tríd an bhfeidhm sin a chomhlíonadh go cóir agus i ndea-thoil a sholáthraíonn Coiste Éisteachtaí an tseirbhís is fearr don Chumann.

Cá mhéad is gá don Choiste Rialaithe Comórtas a dhéanamh chun a gcás a chruthú? Ní triail choiriúil é agus mar sin ní chaithefear an Chalaois a chruthú “*thar amhras réasúnach*”. Is é an caighdeán a leagtar amach sna Rialacha go gcaithfidh an Coiste Éisteachtaí a bheith sásta go bhfuil “níos mó

cosúlachta ann gur tharla an Chalaois líomhnaithe nó nár tharla sé”.

Féadfaidh an Coiste Éisteachtaí a chinneadh nach bhfuil an méid a tharla chomh tromchúiseach leis an gCalaois atá líomhnaithe ach gur tharla Calaois nach bhfuil chomh tromchúiseach, agus féadfaidh sé pionós a fhorchur is infheidhme

maidir leis an gCalaois níos lú sin, ina ionad sin. Dá réir sin, mar shampla, d'fhéadfaí líomhain a dhéanamh de "ciceáil le fórsa", ach d'fhéadfaí a thaispeáin i bhfíseáin gur dhóigh gurbh é "ciceáil le híosfhórsa" a tharla. Sa chás sin, d'fhéadfaí pionós atá oiriúnach do "ciceáil le híosfhórsa" a fhorchur, cé gur bhain an cúiseamh le "ciceáil le fórsa".

Féadfaidh an Coiste Éisteachtaí a fháil amach go nochtar le fíricí cruthaithe go bhfuil an chalaouis difriúil ón gceann atá á líomhain san Fhógra um Bearta Smachtaithe ach go bhfuil sé sa **Chatagóir Chéanna Calaoise** agus féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh dá réir sin. Dá réir sin, mar shampla, d'fhéadfaí líomhain a dhéanamh de "ciceáil le híosfhórsa", ach d'fhéadfaí a thaispeáin i bhfíseáin gur dhóigh gurbh é "iarracht a dhéanamh ciceáil le híosfhórsa" a tharla, rud atá sa Chatagóir Cheanna Calaoise. I roinnt cúinsí, d'fhéadfaí pionós oiriúnach le haghaidh "iarracht a dhéanamh ciceáil le híosfhórsa" a fhorchur gan cúiseamh ar bith eile a bheith i gceist.

Nuair a thugtar a Chinneadh dóibh, ní mór don Choiste Éisteachtaí an Riail (Rialacha) faoina ndearnadh an Cinneadh a shonrú. Cé nach bhfuil sé éigeantach, is dea-chleachtas é corruair cúiseanna gairide a thabhairt le Cinneadh. Mar shampla, má chuirtear i gcoinne fírice, b'fhéidir go sonródh siad go gcreideann siad leagan amháin agus nach gcreideann siad an ceann eile, fiú mura bhfuil i gceist ach a rá gur mheas siad go raibh leagan amháin níos inchreidte go díreach. Go minic is í an t-aon fhianaise a bhíonn ann Tuairisc an Réiteora agus fianaise Pháirtí na Cosanta. Sa chás sin, is é an dúshlán do Pháirtí na Cosanta fianaise "an-láidir" a chur ar fáil go ndearna an Réiteoir botún. Mura bhfuil fianaise Pháirtí na Cosanta an-láidir, bheadh sé sin ina chúis lena fháil amach go díreach gur cruthaíodh an líomhain.

Cinneadh ar Phionós: Má chruthaítear calaois, ní mór don Choiste Éisteachta cén pionós a fhorchuirfead a chinneadh. Tá sé riachtanach go gcaitheann an Coiste Éisteachtaí leis an gcás ar a fhiúntais féin agus nach nglacann sé beartas de, mar shampla, smachtbhannaí dochta a fhorchur i ndáil le cionta faoi leith ionas nach ndéanfaidh daoine eile iad. Tá an beartas leagtha síos leis na rialacha agus leis na pionóis íosta. Dá bhrí sin, chun beartas socraithe a ghlacadh maidir le forchur i ngach cás is é pionós níos déine an riail a athscríobh agus tá sé sin incheadaithe. Ní mór déileáil le gach cás ar a fhiúntais féin agus ní thugtar údar le pionós os cionn an íosphionóis ach nuair is gá sin de dheasca thromchúis na Calaoise.

Ba cheart don Choiste Éisteachtaí bheith cúram nach n-imríonn an Pionós Molta tionchar orthu agus an pionós á chinneadh acu. A luaithe is a dhiúltófar an Pionós Molta ní bheidh tábhacht ar bith leis agus ní féidir leis an gCoiste Éisteachtaí aird a thabhairt air agus pionós á chinneadh acu. Is é sin an fáth go bhfuil an Pionós Molta ceilte ar chóip an Fhógra um Bearta Smachtaithe a chuirfead ar aghaidh chuig an gCoiste Éisteachtaí. Faoi mar a luadh níos luaithe, corruair cuirfead an Pionós Molta ar aird an Choiste Éisteachtaí ar bhealach eile, agus sna cásanna sin ní mór do bhaill an Choiste Éisteachtaí a ndícheall a dhéanamh dearmad a dhéanamh de.

Cé nach bhfuil sé ceangailte le riail, bheadh sé ina dhea-chleachtas, i gcás go bhfuil pionós níos mó ná an t-íosphionós á fhorchur, cúis ghairid a thabhairt leis an gcinneadh pionós níos déine a fhorchur. Mar shampla, má tháinig gortú tromchúiseach as an gcalaois, b'fhéidir go spreagfaí an Coiste Éisteachtaí chun pionós níos mó ná an t-íosphionós a fhorchur, agus sa chás sin, b'fhéidir go dtagródh an cinneadh don fhíric gur tharla an gortú. Ba cheart tagairt a dhéanamh chomh maith, i gcás fionraíochta, don riail lena rialaítear an ghné sin (Riail 7.5(b))

FÓGRA AGUS TAIFEAD AN CHINNIDH

Tabharfaidh an Rúnaí, thar ceann an Choiste Éisteachtaí, fógra i scríbhinn don Choiste Rialaithe Comórtas agus do Pháirtí na Cosanta maidir leis an gCinneadh. Má fhorchuirtear pionós, cuirfidh an Rúnaí an Choiste Rialaithe Comórtas é sin ar thaifead Pháirtí na Cosanta, ina mbeidh an Riail (Rialacha) faoina ndearnadh an Cinneadh luaite. Má bhíonn fionraíocht i gceist leis an bpionós atá níos mó ná an t-íosphionós, moltar Riail 7.5(b) a luadh ina leagtar amach na forais atá le fionraíocht a thabhairt atá níos mó ná an t-íosphionós.

Ós rud é go ndéantar an íosfionraíocht a dhúbláil ar thionscnamh Calaoise comhchosúla a dhéanamh arís laistigh de 48 seachtain, tá sé tábhachtach go gcoinneofar taifid smachtaithe

bheachta agus go mbeidh fáil orthu go héasca.

TREOIR NA COMHAIRLE LÁIR MAIDIR LE RIAIL 7.2(B) – FIONRAÍOCHT ATHCHLUICHE AGUS PIONÓS MALARTACH AR FHIONRAÍOCHT CLUICHE NEAMH-INFHEIDHME (EANÁIR 2015)

I gcás gur forchuireadh Fionraíocht Cluiche agus gur léir don Choiste i bhFeighil ina dhiaidh sin, nach féidir, mar gheall ar chúinse áirithe, an Fhionraíocht Cluiche a chur i bhfeidhm **go hiomlán nó i bpáirt sa Chomórtas sonrath:**

- (1) Tá **oibleagáid** ar an gCoiste i bhFeighil a chur in iúl don imreoir go bhfuil fionraíocht dhá sheachtain i bhfeidhm in ionad gach Fionraíochta Aon Chluiche.
- (2) Ba cheart an fhiontraíocht dhá sheachtain a chur i bhfeidhm **láithreach** Mar shampla - má bhíonn Fionraíocht **dhá** Chluiche ag imreoir agus nach féidir an dara Fionraíocht Cluiche a chur i bhfeidhm sa Chomórtas sonrath, ba cheart go mbeadh an Fhionraíocht dhá sheachtain i bhfeidhm ó dháta an chluiche inar seirbheáladh an chéad Fhionraíocht Cluiche.
- (3) Ba cheart don Choiste i bhFeighil comhairle a thabhairt don imreoir a luaithe is a bheidh sé soiléir go mbeidh/bhféadfaí go mbeadh an Pionós Malartach i bhfeidhm – fiú fógra sealadach roimhe ré a thabhairt nuair is féidir.
- (4) I gcás go gcuirfí Pionós Malartach i bhfeidhm, ní gá don Choiste i bhFeighil an t-imreoir a chúiseamh (i.e. Pionós a Mholadh dó) arís - ach comhairle a thabhairt dó go díreach faoin bPionós Malartach.
- (5) I gcás nach n-insíonn Coiste i bhFeighil don imreoir go gcuirfear an Pionós Malartach i bhfeidhm láithreach, níor chóir a ghlacadh leis gur imir an t-imreoir agus é faoi fhionraíocht.

Faoi mar a sonraíodh, tá an **oibleagáid** ar an gCoiste i bhFeighil an Pionós Malartach a chur in iúl don imreoir – agus má dhéantar é sin **mall** gan chuimhneamh, tabharfar fionraíocht dhá sheachtain don imreoir ó dháta a chluiche dheireanaigh sa chód.

- (6) Ba cheart do Choistí i bhFeighil a thabhairt faoi deara go bhfuil na cúinsí atá leagtha amach i Riail 7.2(b) lena n-éilítear cur i bhfeidhm an Phionóis Mhalartaigh **neamh-uileghabhálach**. Bheadh an méid seo a leanas i measc samplaí eile de sin: Stádas Craobhchomórtais Foirne Club don bhliain dar gcionn (abair íslíú céime go stádas níos ísle) nó imreoir (abair imreoir a imríonn faoi stádas Craobhchomórtais níos airde ná an grád ina bhfuil sé leis an bhFionraíocht Cluiche a dhéanamh)

(Deireadh na

Treorach)

I gcomhthéacs na Treorach thuas agus i gcomhréir le Riail 7.2(b), ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann Fionraíocht Cluichí leis an gcéad chluiche (na chéad chluichí) eile i gcomórtas faoi leith an bhliain reatha agus/nó an bhliain dar gcionn amháin.

Cuid VI

Agóidí

I gCÁS GO LÓISTEÁILTEAR AGÓID

Nuair a fhaigheann Rúnaí an Choiste Rialaithe Comórtas Agóid, seiceálann sé nó sí, i gcomhar leis an gCathaoirleach, an bhfuil an Agóid in ord, i gcomhréir le Riall 7.10 i ndáil le:

- (i) Am - tráth nach déanaí ná trí lá i ndiaidh am tosaigh oifigiúil an chluiche.
- (ii) Dúbláil di a chur isteach (ach amháin i gcás go gcuirtear le ríomhphost í).
- (iii) Síniú (i nGaeilge); Má chuirtear le ríomhphost í, an t-ainm i nGaeilge;
- (iv) Forais (ráiteas maidir leis an sárú ar líomhnaíodh go ndearna é, agus tagairt do na Rialacha agus/nó na Fodhlíthe agus na líonta díobh, faoina bhfuil sé líomhnaithe gur sáraíodh iad)
- (v) Táille
- (vi) Úsáid na Gaeilge (i gceanglas Gaeltachta nó Fodhlíthe)

Mura gcomhlíonann an Agóid Riall 1.7, tabharfaidh an Rúnaí deis amháin don Agóideoir chun an locht (lochtanna) a dheisiú laistigh den am atá ceadaithe faoin Riall (trí lá ar a mhéad), ag an gCoiste Rialaithe Comórtas.

Má mheastar go bhfuil an Agóid in ord, seolfaidh Rúnaí an Choiste Rialaithe Comórtas cóip den Agóid chuig Rúnaí Pháirtí na Cosanta.

Má mheasann Rúnaí i gcomhar leis an gCathaoirleach go bhfuil an Agóid as ord, cuireann an Rúnaí in iúl don Agóideoir dá réir sin, agus tugann sé nó sí an chúis (na cúiseanna) leis sin: Déanfar an cinneadh a thuiriscíú ag chéad chruinniú eile an Choiste Rialaithe Comórtas agus taifeadfar é sna miontuairiscí.

Má bhíonn amhras ar bith ar an Rúnaí agus ar an gCathaoirleach faoi an bhfuil an Agóid in ord nó nach bhfuil, ba cheart dóibh an cheist a chur ar aghaidh chuig an gCoiste Rialaithe Comórtas.

Ba cheart a thabhairt faoi deara i gcás go rialáitear nach bhfuil Agóid as ord, go bhfuil an ceart ag páirtí éagóirithe achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh i.e. an cinneadh an Agóid a Rialú as ord (ní ceist shubstainteach an hAgóide).

AN ÉISTEACHT A CHUR AR BUN

Soláthraíonn an Coiste Rialaithe Comórtas Éisteacht do na páirtithe san Agóid mura lóisteálann Páirtí na Cosanta admháil i scríbhinn.

Leis an bhforáil faoinar féidir le Páirtí na Cosanta bailíocht na hAgóide a admháil ní bhíonn gá hÉisteacht.

I gcás Éisteachta, tionólaíonn Rúnaí an Choiste Éisteachtaí cruinniú de chuid an Choiste, agus tugann sé nó sí fógra ansin don Agóideoir agus do Pháirtí na Cosanta maidir le háit, dáta agus am na hÉisteachta. Tá foráil i Riall 7.10(h) gur féidir leis na páirtithe rochtain ar na Taifid Oifigiúla ábhartha a iarraidh agus iad a fháil.

SEOLADH NA hÉISTEACHTA AGUS NA RIALACHA FIANAISE

Freastalóidh iad seo a leanas ar an Éisteacht:

- (a) triúr ball ar a laghad den Choiste Rialaithe Comórtas (murach sin ní bheidh an córam a theastaíonn ann don chruinniú).
- (b) líon nach mó ná beirt Bhall Iomlán ón bPáirtí a bhfuil an Agóid á Déanamh aige agus ó Pháirtí na Cosanta araon;
- (c) Finnéithe ar bith.

Ag tús na hÉisteachta, tugann an Cathaoirleach, i láthair an Agóideora agus Pháirtí na Cosanta, breac-chuntas ar na nósanna imeachta a leanfar le linn na hÉisteachta. Rialaíonn an Cathaoirleach stiúradh an hÉisteachta. Soláthraítear na nótaí seo a leanas trí bhíthin treorach amháin:

- (i) Sonraíonn an tAgóideoir na Forais leis an Agóid;
- (ii) Cuireann an tAgóideoir Finnéithe ar bith i láthair, agus tugann siadsan a bhfianaise ansin.
- (iii) Má bhíonn fianaise ar fhíseán á húsáid ag an Agóideoir, cuirtear an fhianaise sin i láthair;
- (iv) Freagraíonn Páirtí na Cosanta, cuireann sé Finnéithe ar bith i láthair, a thugann a bhfianaise ansin agus cuireann sé fianaise ar fhíseán (más ann dó) i láthair;
- (v) Tá an ceart ag ionadaithe ar son ceachtar Páirtí san Agóid Finné a chroscheistiú nó fianaise a cuireadh i láthair a cheistiú;
- (vi) Glaofar ar gach Finné ina aonar, agus i ndiaidh dó a fhianaise a thabhairt agus é a chroscheistiú ba cheart dóibh fanacht ag an Éisteacht;
- (vii) Ní thabharfar fianaise ar bith nó ní dhéanfar aighneachtaí ar bith mura mbeidh páirtí ar bith san Agóid i láthair;
- (viii) Tugtar cuireadh do Bhaill an Choiste Rialaithe Comórtas chun ceisteanna a chur ar an Agóideoir agus ar Pháirtí na Cosanta agus ar a bhfinnéithe faoi seach;
- (ix) Nuair a bheidh an próiseas sin curtha i gcrích, tugtar cuireadh don Agóideoir agus do Pháirtí na Cosanta ráiteas deiridh an duine a dhéanamh.

NÓSANNA IMEACHTA COTHROMA

Tá na Rialacha Nós Imeachta atá leagtha amach i Rial 7.10 (i) go (l), a bhaineann leis an Éisteacht, ceaptha lena chinntiú go gcloítear le Nósanna Imeachta Cothroma.

Is é is cuspóir leis an Éisteacht teacht ar Chinneadh cóir, i ndiaidh deis imleor a thabhairt don Agóideoir agus do Pháirtí na Cosanta a gcásanna faoi seacha a shonrú agus glao ar fhinnéithe.

CINNEADH

Nuair a bheidh an Éisteacht thart, aistarraingíonn an dá pháirtí agus cinneann Baill an Choiste Rialaithe Comórtas cibé ar cheart seasamh leis an Agóid nó í a chaitheamh amach.

D'fhéadfadh an Coiste a roghnú gan Cinneadh a dhéanamh ar ócáid na hÉisteachta e.g. d'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó ama de dhíth orthu chun an fhianaise a bhreithniú.

Ní sheasfar le hAgóid ach sna cásanna seo a leanas, agus sna cásanna sin amháin:

- (i) Tá an Coiste Rialaithe Comórtas sásta gur chruthaigh an tAgóideoir go ndearna Páirtí na Cosanta Calaois lena ngabhann pionós Cur ar Ceal agus go mbronntar an Cluiche ar an Agóideoir;
- (ii) Tá an Coiste Rialaithe Comórtas sásta gur chruthaigh an tAgóideoir an méid seo a leanas maidir leis an Réiteoir:
 - (a) níor *thairfead* sé scór a cheadaigh sé nó
 - (b) *thairfead* sé scór a cheadaigh sé go mícheart, rud a chuaigh i gcion ar thorthaí an

Chluiche.

Is faoin bPáirtí Agóideach atá sé a chruthú go ndearna Páirtí na Cosanta an Chalois dá dtagraítear in (i) thuas, nó go ndearna an Réiteoir botún faoi mar a shonraítear in (ii) thuas.

I gcás go seasfar le hAgóid, aisíoctar an táille a íocadh.

Cé acu an seasfar leis an Agóid nó an gcaithfear amach í, féadfaidh an Coiste Rialaithe Comórtas tús a chur le Beart Smachtaithe ar bith, de réir mar is iomchuí leis, faoina rogha féin.

FÓGRA AGUS TAIFEAD AN CHINNIDH

Cuireann an Coiste Rialaithe Comórtas an Cinneadh in iúl don Agóideoir agus do Pháirtí na Cosanta, díreach i ndiaidh dóibh an Cinneadh a dhéanamh de ghnáth (i.e. ar ócáid na hÉisteachta).

Tugann Rúnaí an Choiste Rialaithe Comórtas fógra i scríbhinn maidir leis an gCinneadh ina dhiaidh sin.

Ba cheart don Choiste Comórtas Miontuairiscí den Éisteacht a choinneáil.

FRITHAGÓIDÍ

Tá feidhm ag forálacha Riail 7.10 maidir le Frithagóidí chomh maith.

Tá na Nótaí Treorach maidir le hAgóidí infheidhme maidir le Frithagóidí chomh maith.

I gcás go lóisteáiltear Frithagóid, féadfaidh an Coiste Rialaithe Comórtas an Agóid agus an Fhrithagóid a éisteacht leo féin nó le chéile, ag brath ar ábhar gach cinn. Tá sé sin faoi lánrogha an Choiste.

Pé scéal é, eiseoidh an Coiste Rialaithe Comórtas Cinneadh amháin ag deireadh an phróisis.

Cuid VII

Achomhairc

FOIRM CHAIGHDEÁNACH ATÁ BEARTAITHE D'ACHOMHAIRC

D'fhaomh an Chomhairle Láir Foirm Chaighdeánach d'Achomhairc, agus tá sí ar fáil mar Aguisín IV. Tá sé beartaithe leis cuidiú le hAchomharcóirí maidir le foirmiúlachtaí atá sainithe sa Riall a chomhlíonadh agus tá a úsáid roghnach.

I gCÁS GO LÓISTEÁILTEAR ACHOMHARC

Nuair a fhaigheann Rúnaí an Choiste Rialaithe Comórtas Achomharc, seiceálann sé nó sí, i gcomhar leis an gCathaoirleach, an bhfuil an tAchomharc in ord, i gcomhréir le Riall 7.11 i ndáil le:

- (i) Am - laistigh de thrí lá ón dáta agus ón am fhógra an chinnidh

NÓ

- i gcás nach dteastaíonn fógra a thabhairt i Riall, laistigh de thrí lá ón meán oíche i ndiaidh an chruinnithe ag a ndearnadh an cinneadh.

- (ii) Dúbláil de a chur isteach (ach amháin i gcás go gcuirtear le ríomhphost é).
(iii) Síniú (i nGaeilge); Má chuirtear le ríomhphost é, an t-ainm i nGaeilge.
(iv) Forais (ráiteas maidir leis an sárú ar líomhnaíodh go ndearna é agus an Riall a bhfuiltear ag líomhain go ndearna i a shárú nó gur cuireadh chun mífheidhme í).
(v) Táille.
(vi) Úsáid na Gaeilge (i gceanglas Gaeltachta nó Fodhlíthe).

Seiceálann an Rúnaí chomh maith má tá Éisteacht ó Bhéal iarrtha ag an

Achomharcóir.

(Nóta: I gcás Achomhairc a bhaineann le hiarratas ar Aistriú Laistigh de Chontae, leagtar amach ceanglais nach bhfuil chomh teicniúil i Riall 6.5(f).)

Mura gcomhlíonann an tAchomharc Riall 1.7, tabharfaidh an Rúnaí deis amháin don Achomharcóir chun an locht (lochtanna) a dheisiú laistigh den am atá ceadaithe faoin Riall (trí lá ar a mhéad), ag an gCoiste Éisteachtaí Achomhairc.

Má mheastar go bhfuil an tAchomharc in ord, seolfaidh Rúnaí an Choiste Éisteachtaí Achomhairc cóip den Achomharc chuig Rúnaí an Aonaid a bhfuil an tAchomharc á dhéanamh i gcoinne a chinnidh

i.e. an Coiste Cinnteoireachta.

Seolann Rúnaí an Choiste Éisteachtaí Achomhairc cóip den Achomharc chuig an bpáirtí (páirtithe) uile a bhí bainteach san Éisteacht/Éisteachtaí roimhe sin.

Má mheasann Rúnaí i gcomhar leis an gCathaoirleach go bhfuil an tAchomharc as ord, cuireann an Rúnaí comhairle don Achomharcóir dá réir sin, agus tugann sé nó sí an chúis (na cúiseanna) leis sin: Déanfar an cinneadh a thuairisciú ag chéad chruinniú eile an Choiste Éisteachtaí Achomhairc, agus taifeadfar é sna Miontuairiscí. Má bhíonn amhras ar bith ar an Rúnaí agus ar an gCathaoirleach faoi an bhfuil an tAchomharc in ord nó nach bhfuil, ba cheart dóibh an cheist a chur ar aghaidh chuig an gCoiste Éisteachtaí Achomhairc.

Ba cheart a thabhairt faoi deara i gcás go bhfuil Achomharc as ord, go bhfuil an ceart ag páirtí éagóirithe achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh i.e. an cinneadh an tAchomharc a Rialú as ord (ní ceist shubstainteach an Achomhairc).

ÉISTEACHT AN ACHOMHAIRC A CHUR AR BUN

I gcás Éisteachta ó Bhéal a iarraidh ag páirtí ar bith san Achomharc, tionóllann Rúnaí an Choiste

Éisteachtaí Achomhairc cruinniú de chuid an Choiste, agus tugann sé nó sí fógra ansin don Achomharcóir, don Choiste Cinnteoireachta, agus do pháirtí (páirtithe) ar bith eile a bhí bainteach san Éisteacht (Éisteachtaí) roimhe sin faoi áit, dáta agus am Éisteacht an Achomhairc. Ní mór don Choiste Cinnteoireachta cóip de mhiontuairiscí a chruinnithe ábhartha a sheoladh chuig an gCoiste Éisteachtaí Achomhairc.

SEOLADH ÉISTEACHT AN ACHOMHAIRC AGUS NA RIALACHA FIANAISE

Freastalóidh iad seo a leanas ar an Éisteacht an Achomhairc:

- (a) triúr ball ar a laghad den Choiste Éisteachtaí Achomhairc (murach sin ní bheidh an córam a theastaíonn ann don chruinniú);
- (b) an tAchomharcóir, más ball aonair é, a fhéadann Ball Iomlán amháin dá Chlub/Aonad bheith ina chuideachta nó i gcás Achomhairc a bhaineann le hAistriú chuig Aonad den Chumann nó Ceangal, Ball Iomlán den Club/Aonad ina bhfuil sé ina bhall faoi láthair nó den Club/Aonad ar mian leis Aistriú chuige nó bheith Ceangailte leis a bheith ina chuideachta; an tAchomharcóir, más aonad é, beirt dá Bhall Iomlán ar a mhéad a bheith ina chuideachta.
- (c) líon nach mó ná beirt Bhall Iomlán den Choiste Cinnteoireachta;
- (d) líon nach mó ná beirt Bhall Iomlán d'aon pháirtí agus gach páirtí a bhí bainteach sna hÉisteachtaí roimhe sin*
- (e) Finnéithe ar bith, ach ní féidir glao ach ar na finnéithe a thug fianaise ag an gcéad Éisteacht amháin.

I gcás Beart Smachtaithe, cé go mbeidh an ceart ag na páirtithe uile sa chéad Éisteacht bheith i láthair ag Éisteacht an Achomhairc, níl sé beartaithe i gcás Coistí Contae, Cúige agus Náisiúnta go mbeidh gá go ginearálta i gcás na gcomhlachtaí sin go ndéanfadh a gCoiste Éisteachtaí agus a gCoiste Bainistíochta/Coiste Rialaithe Comórtas faoi seach ionadaíocht ar a son ag Achomharc. Mar sin féin, beidh an ceart ag an gcomhlacht a mhol an pionós i dtosach beirt ionadaithe a bheith i láthair ag an Achomharc leis, má mheastar gur iomchuí sin, agus cuirfidh Rúnaí an Choiste Éisteachtaí Achomhairc ar an eolas é dá réir sin é faoin Achomharc agus faoin Achomharc.

Ag tús na hÉisteachta, tugann an Cathaoirleach, i láthair an Agóideora agus an Chinnteora, breacchuntas ar na nósanna imeachta a leanfar le linn na hÉisteachta don Achomharc. Rialaíonn an Cathaoirleach stiúradh an hÉisteachta; soláthraítear na Nótaí seo a leanas trí bhíthin treorach amháin -

- (i) Sonraíonn an tAchomharcóir na Forais leis an Achomharc;
- (ii) Cuireann an tAchomharcóir Finnéithe ar bith i láthair, agus tugann siadsan a bhfianaise ansin;
- (iii) Glaofar ar gach Finné ina aonar, agus i ndiaidh dó a fhianaise a thabhairt agus é a chroscheistiú ba cheart dóibh fanacht ag an Éisteacht;
- (iv) Má bhíonn fianaise ar fhíseán á húsáid ag an Achomharcóir, cuirtear an fhianaise sin i láthair;
- (v) Freagraíonn an Coiste Cinnteoireachta, cuireann sé Finnéithe i láthair, a thugann a bhfianaise ansin agus cuireann sé fianaise ar fhíseán, más ann dó, i láthair;
- (vi) Beidh ceart ag ionadaithe an pháirtí (páirtithe) eile san Éisteacht (Éisteachtaí) roimhe sin páirt a ghlacadh san Éisteacht;
- (vii) Tugtar cuireadh do Bhaill an Choiste Éisteachtaí Achomhairc chun ceisteanna a chur ar an Achomharcóir, agus ar an gCinnteoir agus ar a bhfinnéithe faoi seach;
- (viii) Nuair a bheidh an próiseas sin curtha i gcrích, tugtar cuireadh don Achomharcóir agus don Chinnteoir ráiteas deiridh an duine a dhéanamh.

NÓSANNA IMEACHTA COTHROMA

Tá na Rialacha Nós Imeachta atá leagtha amach i Riail 7.3 (u) go (aa), a bhaineann le hÉisteacht an Achomhairc, ceaptha lena chinntiú go gcloítear le nósanna imeachta cothroma. Tabharfar treoir éigin chomh maith leis na tráchtanna i gCuid V thuas, maidir le stiúradh éisteachtaí um smachtú. Tá sé tábhachtach a chuimhneamh, cé go bhfuil na rialacha fianaise mar an gcéanna ag Éisteacht

Achomhairc is mar atá siad ag Éisteacht um Smachtú, go bhfuil raon feidhme Achomharc níos cúinge agus go ginearálta baineann siad le scrúdú a dhéanamh ar chruinneas an bunphróisis chinnteoireachta seachas athéisteacht iomlán de na fíricí substainteacha.

Is é is cuspóir leis an Éisteacht teacht ar Chinneadh cóir, i ndiaidh deis imleor a thabhairt don Achomharcóir agus don Choiste Cinnteoireachta a gcásanna faoi seacha a shonrú agus glao ar fhinnéithe.

CINNEADH

Nuair a bheidh Éisteacht an Achomhairc thart, aistarraingíonn an dá pháirtí/na páirtithe uile agus cinneann Baill an Choiste Éisteachtaí Achomhairc cibé ar cheart seasamh leis an Achomharc nó é a chaitheamh amach.

D'fhéadfadh an Coiste a roghnú gan Cinneadh a dhéanamh ar ócáid na hÉisteachta e.g. d'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó ama de dhíth orthu chun an fhianaise a bhreithniú.

Rinneadh na Forais le hAchomharc a leathnú le go mbeidh sé ar chumas Coiste Éisteachtaí Achomhairc cur isteach ar Chinneadh i gcás go bhfuil éagóir shoiléir sa phróiseas Cinnteoireachta a d'úsáid an Coiste, mar a bheith éagsúil ón bpionós a forchuireadh i ndáiríre.

Má fhaightear go raibh na nósanna imeachta ar bhain an Coiste Cinnteoireachta úsáid astu lochtach, féadfar an Cinneadh bunaidh a chur ar leataobh, ach ní chiallaíonn sé sin ann féin gur cheart neamhaird a dhéanamh de shubstaint an cháis. Níor cheart go mbeadh cead ag aonad nó Ball ar éirigh leis san Achomharc trí bhua mionsonra pionós as Calaois a sheachaint.

Ní sheasfar le hAchomharc ach sna cásanna seo a leanas amháin:

- (i) rinneadh sárú follasach ar Rialail nó chuir an Coiste Cinnteoireachta chun mífheidhme í
- NÓ**
- (ii) rinneadh dochar ar shlí eile do cheart an Achomharcóra chun éisteacht chóir a mhéid is go bhfuil sé soiléir go ndearnadh éagóir.

I gcás go seasfar le hAchomharc, cinnfidh an Coiste Achomharc:

- (i) an cinneadh a ndearnadh an t-achomharc ina leith a chur ar neamhní agus a ordú nach ndéanfaí an Coiste Cinnteoireachta gníomh ar bith eile.
- NÓ**
- (ii) an cheist a chur ar ais chuig an gCoiste Cinnteoireachta lena hathéisteacht nó lena hathphróiseáil, mar aon le moltaí nó gan moltaí maidir leis an nós imeachta.

(NÓTA: I gcás Imreora a cuireadh ar fionraí faoi mar a shainítear i Rialacha 7.5(i), (1) nó (2), nó 7.5

(I) (1) nó (2), beidh an tImreoir ar fionraí ag feitheamh thoradh athéisteacht nó athphróiseáil na ceiste.)

NÓ

- (iii) a Chinneadh féin a chur in ionad Chinneadh an Choiste Cinnteoireachta.

Ós rud é go mbaineann Achomhairc le ceisteanna um chomhlíonadh foirmiúlachtaí (na mionsonraí “damanta”) agus cothroime na n-éisteachtaí, i gcás go seasfar leo éireoidh leo de ghnáth, ní mar gheall go raibh an chéad chinneadh mícheart, ach seachas sin go ndearna ar mhodh mírialta é. Ar an gcúis sin, is í Rogha (i) an beart is dóchúla a dhéanfar má tharla sárú ar rialail nó má cuireadh chun mífheidhme í. Níor cheart Rogha (iii) a ghlacadh go ginearálta ach amháin má d'éist an Coiste Achomharc leis an bhfianaise ar fad a cuireadh os comhair an Choiste Éisteachtaí agus go bhfuil sé ar a chumas tuairim dhaingean a thabhairt - ar fhírící an cháis - gur cruthaíodh Calaois nó nár cruthaíodh Calaois de réir mar a bheidh an cás. Beidh rogha (iii) úsáideach corrúair i gcás go mbíonn brú ama ann. Ní bheidh rogha (i) infheidhme ach amháin i líon beag cásanna.

I gcás go seasfar le hAchomharc, aisíoctar an táille a íocadh.

FÓGRA AGUS TAIFEAD AN CHINNIDH

Cuireann an Coiste Éisteachtaí Achomhairc an Cinneadh in iúl don Achomharcóir, don Choiste Cinnteoireachta agus do pháirtí ar bith eile atá i dteideal a bheith i láthair ag Éisteacht an chinnidh, i ndiaidh dóibh an Cinneadh a dhéanamh de ghnáth (i.e. ar ócáid na hÉisteachta).

Tugann Rúnaí an Choiste Éisteachtaí Achomhairc fógra i scríbhinn maidir leis an gCinneadh ina dhiaidh sin de ghnáth. I gcás go bhfógraíonn an Coiste Éisteachtaí Achomhairc an Cinneadh ar ócáid na hÉisteachta agus go n-iarrann páirtí ar bith fógra i scríbhinn láithreach, cloífidh an Rúnaí leis an iarratas sin.

Ba cheart don Choiste Éisteachtaí Miontuairiscí den Éisteacht a choinneáil.

ACHOMHAIRC/ÉISTEACHTAÍ MAIDIR LE hAISTRITHE CHUIG AONAD/CEANGAL LE hAONAD

Achomhairc maidir le hAistrithe laistigh de Chontae

Cé nach ábhar Smachtaithe é, d'fhéadfadh Achomhairc bheith i gceist le próiseas lena rialaítear iarratais ar Aistriú laistigh de Chontae ina bhfuil roinnt ceanglas nach bhfuil chomh teicniúil le hAchomhairc eile. Dá réir sin, tá sé tábhachtach breac-chuntas a dhéanamh sa Lámhleabhar seo ar an bpróiseas atá i gceist.

Tá an Coiste Rialaithe Comórtas freagrach, ar an gcéad dul síos, as cinní a dhéanamh maidir le hiarratais ar Aistriú Laistigh den Chontae. Cuirfear Club an bhaill a bhfuil aistriú á lorg aige ar an eolas faoin iarratas agus breathnófar ar a bhreithnithe, má fhaightear iad laistigh de cibé tráth a ordóidh an Coiste Rialaithe Comórtas. Má iarrann páirtí bainteach ar bith é, tabharfaidh an Coiste an deis don iarratasóir agus don dá Chlub lena mbaineann freastal ar Éisteacht tionólta lena staideanna faoi seach maidir lena n-iarratas a léiriú. Féadfaidh páirtí ar bith glao ar Fhinnéithe ag an Éisteacht.

Déanfaidh an Coiste Rialaithe Comórtas a chinneadh de réir na Rialach agus an Fhodhlí Contae.

Déanfaidh Coiste Contae um Éisteachtaí breithiúnas ar Achomhairc a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó chinní an Choiste Rialaithe Comórtas maidir le hiarratais ar Aistriú Laistigh den Chontae agus Grádú Imreoirí.

Féadfaidh páirtí éagóirithe achomharc a dhéanamh i gcoinne cinnidh maidir le hAistriú. Níl an próiseas chomh teicniúil i gcúrsaí aighneachta is atá sé faoi mar a fhoráiltear in Achomhairc faoi Riail 7.11. Déanfar Achomharc i gcoinne cinnidh maidir le hAistriú laistigh den Chontae i scríbhinn laistigh de trí lá oibre ón bhfógra faoin gcinneadh a fháil, sonrú na forais ann ar a bhfuil an t-achomharc á dhéanamh agus beidh sé sínithe i nGaeilge ag an Imreoir is iarratasóir nó i gcás Club, ag a Rúnaí. Ní bheidh foirmiúlachtaí eile maidir le hAchomhairc a chur isteach (e.g. cóip dhúblach, táille a sholáthar) arna léiriú i Riail 7.11 (f) go (i), ag teastáil maidir leis an gcás seo. Tá feidhm ag gach Cuid ábhartha eile de Riail 7.11.

San achomharc i scríbhinn, ba cheart de rogha an chúis (na cúiseanna) leis an Achomharc a thabhairt, na fíricí atá líomhnaithe mar thaca leis na forais a thabhairt agus más eol don Achomharcóir, an Riail/Fodhlí a maítear go ndearna sárú air nó a cuireadh chun mífheidhme a léiriú. Beidh an fhaisnéis sin ina chuidiú chun díriú ar an gceist atá le cinneadh, toisc go bhfuil Raon Feidhme an Achomhairc teoranta. Ní hionann an t-achomharc agus athéisteacht ach seachas sin athbhreithniú ar an bpróiseas is ea é a glacadh ar leibhéal an Choiste Rialaithe Comórtas.

I ngach cás maidir le hAchomhairc ar Aistrithe laistigh de Chontae, beidh an ceart ag an imreoir is iarratasóir freastal ar an Éisteacht. Ní féidir glao ach ar na finnéithe a thug fianaise ag an gcéad Éisteacht amháin.

Amhail Achomharc ar bith eile, seasfar leis an achomharc ar bhonn na bhforálacha atá léirithe i Riail 7.11(o) amháin:

- (i) rinne an Coiste Rialaithe Comórtas sárú follasach ar Riail/Fodhlí nó chuir sé chun mífheidhme í/e,
nó
- (ii) rinneadh dochar ar shlí eile do cheart an Achomharcóra chun Éisteacht chóir a mhéid is go bhfuil sé soiléir go ndearnadh éagóir. Ní chuirfear deimhniú fórais ar bith ag an gCinnteoir ar leataobh mura léirítear go raibh sé mícheart go follasach.

Achomhairc maidir le hAistrithe Idirchontae

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil na rialacháin iomlána maidir le hiarratas ar **Aistriú Idirchontae** léirithe i Riail 7.11 i bhfeidhm.

Ionadaíocht ag Achomhairc/Éisteachtaí maidir le Aistriú chuig Aonad nó Ceangal leis

Maidir le ball a bhfuil Aistriú chuig Aonad den Chumann nó ceangal leis á lorg aige, is féidir leis Ball Iomlán den Chlub/Aonad ina bhfuil sé ina bhall faoi láthair nó den **Chlub/Aonad ar mian leis aistriú chuige nó bheith ceangailte leis** a bheith ina chuideachta.

EADRÁIN

Má áitíonn Páirtí in Éisteacht (Ball nó Aonad) go bhfuil cinneadh ar bith de chuid an Choiste Éisteachtaí neamhdhleathach nó neamhbhailí go dlíthiúil, ní mór don pháirtí sin gach réiteach achomhairc atá ar fáil faoi Rialacha an Chumainn a thriail ar dtús, agus an neamhdhleathacht nó an neamhbhailíocht líomhnaithe a chur ar aird an Choiste Achomharc ábhartha (i.e. é a shonrú san Fhógra um Achomharc.

Má rialaíonn an Coiste Achomhairc i gcoinne an Pháirtí Éagóirithe ar an bpointe lena mbaineann, nó má líomhnaítear, ar chúis éigin eile, go bhfuil cinneadh an Choiste Achomhairc neamhdhleathach nó neamhbhailí go dlíthiúil, féadfaidh páirtí amháin nó páirtí eile a iarraidh go ndéanfaí an tÚdarás Réitigh Díospóidí rialú ar bhailíocht an Chinnidh.

Tá sé tábhachtach cuimhne a choinneáil nach hionann Eadráin agus Achomharc. Tá sé ceaptha chun dul in ionad ról na gCúirteanna maidir lena mheas an ndearnadh nó nach ndearnadh sárú ar na Nósanna Imeachta Cothroma. Ní bhaineann sé go díreach le cibé acu an raibh an Cinneadh ceart nó mícheart maidir le hábhair fhórais, ach ar thángthas ar an gcinneadh ar mhodh cóir agus ceart de réir nós imeachta.

ATHÉISTEACHT AGUS ATHPHRÓISEÁIL CÁSANNA

Iarrfaidh Coiste Achomharc nó an tÚdarás Réitigh Díospóidí, corruair, go ndéanfar cásanna a athéisteacht nó a athphróiseáil. I gcás go mbaineann sé sin le hathéisteacht, beidh gá corruair go ndéileálfai Coiste Éisteachtaí agus/nó Coiste Rialaithe Comórtas atá comhdhéanta ar bhealach éagsúil.


Sna cásanna sin, tá sé oscailte do Choiste Bainistíochta na Comhairle nó don Choiste i bhFeighil baill shealadacha a cheapadh chun Choiste Éisteachtaí le déileáil leis an gcás (toisc go bhféadfadh nach mbeadh an córam a theastaíonn ag cruinniú nach mbeadh na baill bhunaithe aige). An rud is simplí a d'fhéadfadh Rúnaí an Choiste Éisteachtaí a dhéanamh ná scríobh chuig an gCoiste Bainistíochta ag iarraidh air Coiste Éisteachtaí sealadach a cheapadh. Ba cheart Coiste Éisteachtaí sealadach (lena n-áirítear Rúnaí sealadach) a cheapadh ag cruinniú de chuid an Choiste Bainistíochta agus ba cheart dó ceannas a ghlacadh ar an ábhar a luaithe is a chaithear an Beart Smachtaithe a atosú. Nuair a bheidh an cás éiste agus cinnte ag an gCoiste Éisteachtaí sealadacha beidh a fheidhm críochnaithe agus scaoiltear leis.

I gcás go n-éistear/athphróiseálfar cás, tabharfar creidiúint ar feadh tréimhse fiontraíochta a cuireadh

isteach cheana don Chalaois lena mbaineann (Riail 7.5 (j)).

AGUISÍN 1

Samhail de na hImeachta Smachtaithe go léir



Taifeadann an Coiste
Bainistíochta/Rialaithe Comórtas an
cinneadh agus Pionós ar bith a

AGUISÍN II

A. TUARASCÁIL AR SMACHTÚ

(níl gá leis i gcás go bhfuil go leor eolais i dtuairisc an réiteora)

1. Dáta an Chinnidh atá le hImscrúdú:

- _____

2. An Chlaois agus an Riail (Rialacha) a líomhnaítear go ndearnadh sárú orthu:

- _____
- _____
- _____
- _____

3. Tuairisc an Réiteora san áireamh: Tá*/Níl* (*scrios de réir mar is cuí)

4. Liosta de na daoine ar ar cuireadh agallamh:

5. Club(anna)/Ball (Baill) a bhfuil beart smachtaithe le tosú ina gcoinne:

6. Liosta de na daoine (más ann dóibh) a ngairfear orthu chun fianaise a thabhairt ag Éisteacht (nóta: féadfar é sin a leasú roimh an éisteacht):

7. Liosta de na doiciméid iniata:

8. Cur síos gairid ar an imeacht (imeachtaí) líomhnaithe (úsáid an bhileog atá ceangailte de réir mar is gá):

- _____
- _____
- _____
- _____
- _____
- _____

Síniú: _

Rúnaí,

An Coiste Bainistíochta/Rialaithe Comórtas*.

(scrios de réir mar is cuí)

Dáta: _

B. FÓGRA UM BEART SMACHTAITHE
(Ar bhonn Thuairisc an Réiteora)

CHUIG: _____

A Chara,

1. Ag eascairt ó ábhair Thuairisc an Réiteora maidir le cluiche faoi Rialacha an Chumainn idir _____ agus _____ ag _____ Contae _____, _____ an _____ de _____, 20____, a bhfuil cóip den tuairisc ceangailte, tugtar fógra duit leis seo go bhfuil sé tuairiscithe go ndearnadh tú an Chlaois Imeartha seo a leanas, is é sin le rá:

_____ atá rangaithe mar Chlaois Imeartha _____ Chatagóir faoi Riail _____ den Treoir Oifigiúil lena ngabhann an pionós cuí atá leagtha amach sa Riail _____.

2. Faoi Riail _____ den Treoir Oifigiúil, tá íosphionós/pionós socraithe:

_____ leagtha síos le haghaidh na Calaoise líomhnaithe.

3. Agus aird chúí á tabhairt ar na rialacha is infheidhme, Tuairisc an Réiteora, do thaifead, agus a chumhachtaí de bhun na Treorach Oifigiúla, tugann an Coiste Rialaithe Comórtas fógra duit leis seo maidir leis an bPionós Molta seo a leanas:

_____ Cúis má tá sé níos mó ná an t-íosphionós: (e.g. "Calaois Athuaire", "Tromchúis" – i gcás nach mór tagairt a dhéanamh do Riail 7.5(b).)

4. **Tá tú anois i dteideal:**

(a) an Pionós Molta atá leagtha amach thuas a ghlacadh, nó
(b) Éisteacht a iarraidh os comhair an Choiste um Éisteachtaí

5. Má roghnaíonn tú Éisteacht a iarraidh, tabharfar fógra duit faoi am, dáta agus áit na hÉisteachta agus cuirfear do chuid ceart agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir leis an Éisteacht in iúl duit. Má iarrann tú Éisteacht, beidh tú i dteideal finnaithe a thabhairt leat.
6. Is féidir leat do rogha a fheidhmiú trí litir a sheirbheáil ar an gCoiste Rialaithe Comórtas i gcomhréir leis an Treoir Oifigiúil laistigh de 3 lá ó dháta fála an Fhógra seo.

Tabhair faoi Deara:

Tá*/níl* tú i dteideal imirt go dtí go mbeidh an beart smachtaithe seo curtha i gcrích (*scríos de réir mar is cuí).

Mura bhfeidhmíonn tú do rogha ar an dóigh a n-ordaítear, glacfar leis go bhfuil sé roghnaithe agat an Pionós Molta atá leagtha sa litir seo a ghlacadh.

Is mise le meas.

Síniú: _____

Rúnaí,
An Coiste Rialaithe Comórtas.

Dáta: _____

C. FÓGRA UM BEART SMACHTAITHE
(Cásanna nach n-eascaíonn as Tuairisc an Réiteora)

CHUIG: _____
- _____
- _____
- _____

A Chara,

1. Ag eascairt as cinneadh de Choiste Rialaithe Comórtas tús a chur le beart smachtaithe maidir leis na himeachtaí a bhfuil cur síos déanta orthu san Tuarascáil ar Smachtú atá ceangailte leis seo, tugtar fógra duit leis seo go bhfuil tú cúisithe as an gCaolaiois Imeartha*/Calaois ar Riail seo a leanas a dhéanamh (**scrios de réir mar is cuí*):

(atá rangaithe mar Chalaois Imeartha Chatagóir faoi Riail _____ den Treoir Oifigiúil)* (**scrios de réir mar is cuí*)

2. Faoi Riail _____ den Treoir Oifigiúil, tá íosphionós/pionós socraithe:

leagtha síos le haghaidh na Calaoise líomhnaithe.

3. Agus aird chúí á tabhairt ar na rialacha is infheidhme, an Tuarascáil ar Smachtú, do thaifead, agus a chumhachtaí de bhun na Treorach Oifigiúla, tugann an Coiste Rialaithe Comórtas fógra duit leis seo maidir leis an bPionós Molta seo a leanas

Cúis má tá sé níos mó ná an t-íosphionós: (e.g. “Calaois Athuaire”, “Tromchúis” – i gcás nach mór tagairt a dhéanamh do Riail 7.5(b).)

4. **Tá tú anois i dteideal:**

(a) an Pionós Molta atá leagtha amach thuas a ghlacadh, nó
(b) Éisteacht a iarraidh os comhair an Choiste um Éisteachtaí

5. Má roghnaíonn tú Éisteacht a iarraidh:

(a) Is é an t-íosphionós/pionós seasta (i gcás freagracht a aimsiú) a bheidh i gceist: _____

(b) Tabharfar fógra duit faoi am, dáta agus áit na hÉisteachta agus cuirfear do chuid ceart agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir leis an Éisteacht in iúl duit. Má iarrann tú Éisteacht, beidh tú i dteideal finnaithe a thabhairt leat.

6. Is féidir leat do rogha a fheidhmiú trí litir a sheirbheáil ar an gCoiste Rialaithe Comórtas i gcomhréir leis an Treoir Oifigiúil laistigh de 3 lá ó dháta fála an Fhógra seo.

Mura bhfeidhmíonn tú do rogha ar an dóigh a n-ordaítear laistigh de 3 lá ó dháta agus am fála an Fhógra seo, glactar leis go bhfuil sé roghnaithe agat an Pionós Molta atá leagtha sa litir seo a ghlacadh.

Is mise le meas.

Síniú: _____

Rúnaí,
An Coiste Rialaithe Comórtas.

Dáta: _____

E. FREAGRA AR FHÓGRA UM BEART SMACHTAITHE

Chuig: An Coiste Rialaithe Comórtas

A Chara,

Tagraím do d'Fhógra um Beart Smachtaithe arna dhátú
roghnaím leis seo:

agus

An Pionós Molta atá leagtha amach a
ghlacadh*
nó
Éisteacht a iarraidh a eascraíonn as an bhFógra* *(*scríos de réir mar is cuí)*

I gcás go roghnaím an Pionós Molta a ghlacadh, tuigim go mbeidh sé i bhfeidhm láithreach agus go gcuirfear ar mo thaifead é.

I gcás go roghnaím Éisteacht a eascraíonn as an bhFógra a iarraidh, freastalóidh mé ar an Éisteacht ag an am agus an dáta a socraíodh. Tá na hiarratais seo a leanas agam maidir leis an éisteacht *(fág bán mura bhfuil sé infheidhme)*:

- (i) Ní bheidh mé ar fáil ar na dátaí/amanna seo a leanas_ _
- _
- (ii) B'fhéarr liom dá mbeadh an Éisteacht ar siúl an */roimh* *(*scríos de réir mar is cuí)* an dáta seo a leanas
- Cúis: _
- (iii) Ba mhaith liom fianaise ar fhíseán a thabhairt liom: Ba mhaith
Ní mhaith
- (iv) Ba mhaith liom finnétithe a thabhairt liom __

- (v) Iarratas (iarratais) eile *(úsáid bileog ar leith más gá)*

- _

Is mise le meas.

Sínte: _

Dáta: _

(Nóta chuig páirtí na cosanta: Mura gcomhlíonann an Coiste Éisteachtaí ceann ar bith de na hiarratais atá déanta thuas maidir leis an Éisteacht ní dhéanfar neamhbhailí nós imeachta arna ghlacadh aige san ábhar seo)

F. FÓGRA MAIDIR LE DÁTA NA hÉISTEACHTA

Chuig: _ agus: An Coiste Rialaithe Comórtas

"Páirtí na Cosanta" _____

Maidir le: **Fógra um Beart**
Smachtaithe arna dhátú _ **Freagra arna dhátú:** _

Tabhair faoi deara go mbeidh Éisteacht an bhirt smachtaithe seo ar siúl an _ de
_ , 20 ag a.m./p.m ag

Ba cheart do na páirtithe ar fad bheith i láthair roimh an am tosaigh atá ceaptha leis na finnétithe nó le finnétithe ar bith agus ba cheart athruithe ar bith ar liosta na bhfinnétithe atá leagtha amach sa Tuarascáil ar Smachtú nó sa Fhreagra a chur in iúl don taobh eile tráth ná déanaí ná 24 uair an chloig roimh an am tosaigh atá ceaptha.

Má theastaíonn treoir maidir le hoibriú na Rialacha, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an té a bhfuil a ainm thíos, ach ní bheidh comhairle ar bith a thabharfar ina cuid de na himeachtaí nó ní bhraithear uirthi chun gné ar bith de na himeachtaí a cheistiú.

Cuirfear*/ní chuirfear* saoráidí seinnte físeáin ar fáil.

Is mise le meas.

Sínithe: _
Rúnaí,
An Coiste Éisteachtaí.

Dáta: _

AGUISÍN III

Seicliosta A: An Coiste Rialaithe Comórtas/an Coiste Bainistíochta

Cásanna ó Thuairisc an Réiteora

- Tuairisc faighte agus dáta breactha síos
- Mura gcloíonn Tuairisc an Réiteora le Riail 1.7, Cuid 1, cuir ar ais í lena ceartú.
- Mura gcloíonn Tuairisc an Réiteora le Riail 1.6, Rialacha um Rialú, Cuid 2, cuir ar ais í lena ceartú.
- Páirtí na Cosanta sainaitheanta
- Riail sainaitheanta
- Íosphionós/pionós socraithe sainaitheanta
- Má theastaíonn Soiléiriú, iarr Soiléiriú
- Má iarradh Soiléiriú, Soiléiriú faighte
- Taifead Pháirtí na Cosanta seiceáilte
- An Pionós Molta cinnte
- Cúiseanna leis an bPionós Molta tugtha (más éagsúil ón íosphionós)
- Fógra ullmhaithe
- Cóip de Thuairisc an Réiteora (lena n-áirítear Soiléiriú ar bith) iniata
- Dréachtfoirm Freagra iniata
- Fógra seirbheáilte
- Dáta agus modh sheirbheáil an fhógra taifeadta
- Freagra Faighte agus dáta breactha síos

Cásanna eile

- Dáta an chinnidh beart a dhéanamh breactha síos
- Imscrúdú déanta
- Páirtí na Cosanta sainaitheanta
- Riail sainaitheanta
- Íosphionós/pionós socraithe sainaitheanta
- Taifead Pháirtí na Cosanta seiceáilte
- An Pionós Molta cinnte
- Cúiseanna tugtha (más éagsúil ón íosphionós)
- Fógra ullmhaithe
- Tréimhse réasúnta don fhreagra leagtha síos
- Cóip de Thuairisc an Réiteora (lena n-áirítear Soiléiriú ar bith) iniata (má tá fianaise ábhartha ar bith ann)
- Dréachtfoirm Freagra iniata
- Fógra seirbheáilte
- Dáta agus modh sheirbheáil an fhógra taifeadta
- Freagra Faighte agus dáta breactha síos

An cás go nGlactar le Pionós Molta

- Taifead Pháirtí na Cosanta tugtha cothrom le dáta
- Pionós Molta Dearbhaithe do Pháirtí na Cosanta

I gcás go nIarrtar Éisteacht

- Fógra tugtha don Chomhairle nó don Choiste i bhFeighil
- Dáta taifeadta
- An Tuarascáil ar Smachtú/Tuairisc an Réiteora san áireamh
- Fógra um Beart Smachtaithe san áireamh
- An Pionós Molta “ceilte”
- Freagra san áireamh
- Fógra maidir le dáta na héisteachta faighte ón Rúnaí
- Liosta na bhfinnéithe tugtha cothrom le dáta/dáta breactha síos
- I gcás go n-úsáidtear físeán, cóip de curtha chuig Páirtí na Cosanta roimh an éisteacht
- Freastal ar an éisteacht leis na finnéithe agus doiciméid uile a theastaíonn (lena n-áirítear tuairisc an réiteora agus fianaise ar bith ar fhíseán)
- Fógra faoin gcinneadh faighte
- Achomharc faighte (más infheidhme)
- Taifead Pháirtí na Cosanta tugtha cothrom le dáta (más infheidhme)

Seicliosta B: Páirtí na Cosanta

- Fógra um Beart Smachtaithe faighte
- Am le haghaidh an Fhreagra seiceáilte
- Dáta nach bhfuil an té lena mbaineann ar fáil breactha síos
- Riachtanais speisialta ar bith breactha síos
- Freagra seolta (dáta, am agus modh taifeadta)

An cás go nGlactar le Pionós Molta

- Dearbhú faighte

I gcás go nIarrtar Éisteacht

- Fógra maidir le dáta na héisteachta faighte ón Rúnaí
- Liosta na bhfinnéithe tugtha cothrom le dáta/dáta breactha síos
- I gcás go n-úsáidtear físeán, cóip de curtha chuig an CRC roimh an éisteacht
- Freastal ar an éisteacht leis na finnéithe agus doiciméid uile a theastaíonn (lena n-áirítear fianaise ar bith ar fhíseán)

I ndiaidh na héisteachta

- Fógra faoin gcinneadh faighte
- Achomharc déanta (más infheidhme)
- (más infheidhme) Foirm chomhlánaithe go hiomlán
- (más infheidhme) Achomharc seolta (dáta, am agus modh taifeadta)

Seicliosta C: Ullmhú Rúnaí an Choiste Éisteachtaí don

éisteacht

- Fógra faighte ón gCoiste Rialaithe Comórtas
- Dáta taifeadta
- An Tuarascáil ar Smachtú/Tuairisc an Réiteora san áireamh
- Fógra um Beart Smachtaithe san áireamh
- Freagra san áireamh
- Dáta/am/áit eagraithe le 3 ball ar a laghad den Choiste Éisteachtaí
- Dáta/am/áit curtha in iúl do Pháirtí na Cosanta agus don Choiste Rialaithe Comórtas
- Doiciméid curtha chuig Baill an Choiste Éisteachtaí

I ndiaidh na héisteachta

- Fógra faoin gcinneadh curtha chuig an gCoiste Rialaithe Comórtas agus chuig Páirtí na Cosanta

Seicliosta D: Coiste Éisteachtaí

- Agóidí nós imeachta ar bith breactha síos agus pléite
- Éisteacht sásúil
- An dteastaíonn Soiléiriú ar bith ina dhiaidh sin?
- Dáta agus cúiseanna leis an gcinneadh san áireamh
- Cinneadh (agus cúiseanna) curtha in iúl do Rúnaí an Choiste Rialaithe Comórtas agus do Pháirtí na Cosanta

AGUISÍN I
IARR ACHOMHARC - LEIBHÉAL CONTAE/CÚIGE
(tá na nótaí i gcló Iodálach chun críche cabhrach amháin)

Chuig: An Runaí:

Maidir le hAchomhairc luaigh:

Riail 7.11 An Treoir Oifigiúil - Achomhairc
Riail 1.7 An Treoir Oifigiúil - Úsáid na Gaeilge Riail
4.6 An Treoir Oifigiúil - Cumarsáid

Sonraí an Achomharcóra

Ainm Bhall/Aonad an Achomharcóra (as Gaeilge):

Seoladh (as Gaeilge)

Uimhir Theileafóin (1). _

Uimhir Theileafóin (2). _

Facs: Uimh.: _

Seoladh ríomhphoist: _

Dáta Breithe: (má tá sé faoi bhun 18): _

Síniú an tuismitheora/caomhnóra dhlíthiúil (má tá sé faoi bhun 18) _

Clóscríobh Ainm: _

Cinnteoir lena mBaineann

Ba mhaith liom achomharc a dhéanamh i gcoinne cinnidh a rinne: _

Achomharc a Chur Isteach

Luaigh Riail 7.11 (f) Treoraí Oifigiúil.

Cuirfear Achomharc isteach i ndúbláil chuig Rúnaí an Coiste Éisteachtaí achomhairc, agus gheofar iad laistigh de 3 lá ó dháta agus am fhógra an chinnidh, nó i gcás nach dteastaíonn fógra a thabhairt i Riail, laistigh de thrí lá ón meán oíche i ndiaidh an chruinnithe ag a ndearnadh an cinneadh.

Dáta Fógra maidir leis an gCinneadh/Cinneadh atá á dhéanamh _

Foras le hAchoimharc

Liostaigh Rialacha an Chumainn a bhfuiltear ag maíomh go ndearna an freagróir(i) sárú orthu mar aon leis na forais lena shonrú gur sárú an Rialil/Rialacha (*úsáid bileog bhreise más gá*):

1. _
2. _
3. _
4. _

Tabhair faoi deara gurb é seo achoimre ar na forais leis an achoimharc. Bain úsáid as bileoga breise chun na fíricí a líomhnaítear le tacú leis na forais a leagan amach.

Éisteacht ó Bhéal

Iarraim éisteacht ó bhéal Iarraim
Ní iarraim

Táille Achoimhairc

Luaigh Rialil 7.11 (f) (3) Treoraí Oifigiúil.

Beidh táille €100 ag gabháil leo i gcás Club nó Ball Aonair, agus €300 i gcás Coiste Contae nó Choiste Cúige.

Iaim an táille achomhairc chuí mar:

- Seic
Ordú Poist/Rótharraingt Bhainc
Éarlais Leictreonach

Cuir Éarlais Leictreonach isteach chuig an gcuntas seo a leanas le do thoil: Cuntas CLG, Banc, Brainse Bainc A/C Uimh. Bhrainse

Luaigh Rialil 7.11 (f#) Treoraí Oifigiúil 'i gcás nach mór airgead nó iatáin ar bith eile a chur le fógra nó cumarsáid ar bith eile, ní bheidh tarchur an fhógra nó cumarsáide eile le ríomhphost nó ar fhacs neamhbhailí má fhaightear an t-iatán iarbhír laistigh de dhá lá oibre ó tharchur an ríomhphoist nó an fhacs.'

Tá sé de fhreagracht ar an achoimharcóir fianaise gur chuir sé an táille achomhairc isteach a sholáthar i gcás gur cuireadh an táille chuí agus nach bhfuarthas í. Moltar gach achomharc a chuirtear tríd an gcóras poist a chlárú.

Finnéithe

(úsáid bileoga ar leith más gá)

Ba mhaith liom na finnéithe seo a leanas a thabhairt liom (*tabhair do d'aire nach féidir glao ach ar na finnéithe a thug fianaise ag an gcéad éisteacht amháin*):

Ainm 1. _

Ainm 2. _

Ainm 3. _

Dáta Éisteacht an Achomhairc

Ní bheidh mé ar fáil ar na dátaí/amanna seo a leanas: _

B'fhéarr liom dá mbeadh Achomharc ar bith ar siúl an */roimh* (* scrios de réir mar is cuí) an dáta seo a leanas:

Cúis _

Hiarratais Eile

(úsáid bileoga ar leith más gá)

Nóta: mura gcomhlíonann an Coiste Achomharc ceann ar bith de na hiarratais atá déanta thuas maidir le héisteacht achomhairc ní dhéanfar neamhbhailí nós imeachta arna ghlacadh aige san ábhar seo)

*Sínithe (as Gaeilge) _

Dáta: _

* Nóta: Beidh Achomharc sínithe, as Gaeilge, ag an Achomharcóir, nó i gcás Club, Coiste nó Comhairle, ag a Rúnaí.

INNÉACS

Achomhairc.....	22-26
ábhair Achomhairc.....	22
cinneadh ar Achomharc.....	24
éisteacht	22-23
Ionadaíocht ag Achomhairc/Éisteachtaí maidir le hAistrithe/Ceangail chuig Aonaid.....	26
Iarratas ar Achomharc - Foirm Chaighdeánach	36-38
teorainneacha ama.....	22
Aistrithe laistigh de Chontae.....	25
Achomhairc - Idir Contaetha.....	26
Eadráin.....	26
Fabhar (<i>féach Coinbhleachtaí Leasa</i>)	
Seicliostaí	34-35
An Coiste Rialaithe Comórtas (CRC)	
comhdhéanamh.....	5,6,26
ról.....	4
Coinbhleachtaí Leasa	14
Cúirteanna	26
Cinntí	
breith mhalartach.....	16
Achomhairc, ar.....	22-25
tionscnamh an Bhirt Smachtaithe, maidir le	7,8
coiste éisteachtaí, ag.....	16
fógra maidir leis an gcinneadh.....	17,21,25
pionós, maidir le.....	16,17
pionós molta, maidir le	9, 10
taifeadadh de.....	17, 21, 25
Páirtí na Cosanta	
ról.....	4, 33, 35
Beart Smachtaithe	
tús	7, 8
fógraí maidir le.....	9, 10, 29, 30,
	31
Tuarascáil ar Smachtú	8, 9,
28	
clár na n-ábhar	9,
	10, 28
Tuirisc an Réiteora agus fógra in aonad na Tuarascála	
foirmiúla.....	9, 10, 29 An tÚdarás Réitigh Díospóidí (DRA).....
Earráidí.....	15, 16
Fianaise	13
Rochtain ar Thaifid Oifigiúla	12
doiciméid.....	13
imscrúdú.....	7, 8
“fianaise an-láidir eile”	13
grianghraif.....	13
Tuiriscí an Réiteora	13
fianaise ar fhíseán.....	9,13,
	32
Nósanna Imeachta Cothroma (<i>féach chomh maith</i>	
<i>hÉisteachta</i>).....	15, 16
Tuarascáil ar Smachtú	8,
	9
Fógra um Beart Smachtaithe.....	9, 10, 29, 30, 31
Fógra maidir le dáta na héisteachta	
.....	12,33
Freagra	
.....	11,32
Éisteachtaí	
socruithe le haghaidh,.....	12

Achomh ag.....	12, 13
airc, nós imeachta	12-18, 34,
maidir le 35	
.....23ceart chun éisteachta.....	10,11,
freastal 34, 35	
Coiste Éisteachtaí	
seoladh éisteachtaí.....	12-18, 34, 35
comhdhéanamh.....	
5, 6, 26	
ról.....	4
Imscrúdú	7,8

Ionadaíocht dhlíthiúil.....	14
Coiste Bainistíochta	
comhdhéanamh.....	
.....5,6	
ról.....	4
Botúin (Féach Earráidí)	
Fógra.....	9, 10
maidir le Cinneadh.....	17, 21, 25
Beart Smachtaithe.....	9, 10, 29, 30, 31
Éisteacht	12, 33
seirbhís de	10
Agóidí.....	19-21
Nós imeachta (<i>féach Beart Smachtaithe, Fógra, Éisteacht, Fianaise</i>)	
An Pionós Molta.....	9, 10
glacadh le,	11
Pionós Malartach ar Fhionraíocht Cluiche - Treoir	18
cinneadh maidir le,.....	
9, 10	
Eisceachtaí ar an bPróiseas le haghaidh Riail 7.2(b) Calaoisí Chatagóirí I agus II.....	11
cúiseanna, má tá sé níos mó ná an t-íosphionós	
.....	9, 10 stádas
.....	14, 17
Taifid	11,17, 21, 25
Tuairiscí an Réiteora	
soiléiriú, roimh an éisteacht	
7,8,12	
soiléiriú, i ndiaidh na héisteachta.....	16
tosú an bhirt smachtaithe	7
mar fianaise, stádas.....	13
Athéisteacht/Athphróiseáil	26
comhdhéanamh coistí	26
Freagra.....	11,
32	
ábhair an Fhreagra.....	11,
32	
teorainneacha ama.....	11
Ceart chun tosta	8
Rúnaí an Choiste Éisteachtaí.....	4,12, 25, 34, 35
Seirbheáil Fógraí	10
Aturnaetha	14
Fionraíocht	
éisteachtaí ar feitheamh.....	
10, 29	
Fianaise ar fhíseán.....	8,13, 32